ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Údarás Uchtála na hÉireann
# Adoption Authority of Ireland

## Tuarascáil Bhliantúil 2022
## Annual Report 2022



# Tuarascáil ó
# Údarás Uchtála na hÉireann
# Adoption Authority of Ireland
# i gcomhair 2022

**Chuig: Roderic O'Gorman**
**An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**
**sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**

# Clár na nÁbhar


**Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird** 2
**Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** 5
**Príomhghníomhaíochtaí agus Gnóthachtálacha 2022** 7
**Forléargas ar Údarás Uchtála na hÉireann** 10
**Feidhmeanna Údarás Uchtála na hÉireann** 12
**Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna** 14
Misean Údarás Uchtála na hÉireann 15
Fís Údarás Uchtála na hÉireann 15
Prionsabail agus Luachanna 15
**Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2022** 16
**Bord Údarás Uchtála na hÉireann** 18
Comhaltas an Bhoird 19
Cothromaíocht Inscne 19
Cruinnithe an Bhoird 19
Coistí an Bhoird 19
An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta 19
An Fochoiste Taighde 20
Rialachas 20
Freagrachtaí 21
Stipinn na gComhaltaí Boird 22
**Rialachas Corparáideach** 23
Rialú Airgeadais 24
Rialú Inmheánach Airgeadais 24
Bainistíocht Buiséid 24
An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta 24
An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí 25
Soláthar 25
Bainistíocht Riosca 25
Nochtuithe Cosanta 26
Meastóireacht ar an mBord 26
Cur i bhFeidhm an Dualgais um Chomhionannas na hEarnála Poiblí agus Cearta an Duine 26
**An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022** 27
Stair agus Comhthéacs an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 28
Amlíne maidir le Cur i bhFeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 (AFBR) 29
Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid 30
**Plean Straitéiseach 2022-2024** 32
Plean Gnó 2022 34
Imeachtaí agus Taisteal 2022 34
**Oibríochtaí Uchtála** 36
Uchtáil Bhaile 37
Struchtúr 37
Anailís ar Ghníomhaíochtaí 37
Uchtáil Idir Tíortha 40
Struchtúr 40
Anailís ar Ghníomhaíochtaí 40
**Seirbhísí Faisnéise agus Taifid** 42
Taifid 43
Struchtúr 43
Eisiúint Faisnéise faoi Chodanna 2–4 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 44
Cosaint Sonraí 52
Struchtúr 54
Iarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí 54
Beartais agus Nósanna Imeachta 55
Réitigh Dhigiteacha 55
Struchtúr 55
Obair a rinneadh in 2022 55
An Chartlann 56
Struchtúr 56
Na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta, 1986–2018 56
An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 56
An tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán 56
Iarrataí Saorála Faisnéise 56
Forléargas 56
Iarrataí a fuarthas in 2022 56
**Obair Shóisialta** 56
Forléargas 57
Struchtúr 57
Rianú 57
Cás-Staidéar Rianaithe 58
Tacaíocht don Chlár um Shainroghanna Teagmhála 59
Cás-Staidéar maidir le Sainrogha Theagmhála 59
Idirghabháil Ghairid 60
Athbhreithniú ar Mheasúnachtaí Uchtála Reatha 60
Athbhreithniú Seachtrach ar an Obair Shóisialta 60

**Taighde** 61
Forléargas 62
Struchtúr 62
Gníomhaíochtaí na bliana 2022 62
Staidéir Thaighde Lárnacha 62
Tuarascálacha a d'iarr an tÚdarás féin 62
An Fochoiste Taighde 63
An Coiste Eitice Taighde 63
Acmhainní Taighde 63
Comhdhálacha agus Líonrú 63
Cumarsáid Sheachtrach 63
**Acmhainní Daonna** 64
Forléargas 65
Struchtúr 65
Earcaíocht 65
Pinsean/Scor 65
Beartas Oibre Cumaisc 65
Clár ionduchtúcháin 65
Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil 66
Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe 66
An Coiste Folláine 66
**Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú** 67
Struchtúr 68
Suíomh Gréasáin agus Cumarsáid 68
Preas/Na Meáin 68
Ceisteanna Parlaiminte 68
Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomh ar son na hAeráide 68
Bainistíocht Saoráidí 68
Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 69
Creidiúnú 70
Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe 70
Nósanna Imeachta Creidiúnaithe 70
Scor de Chreidiúnú Comhlachtaí in 2022 71
**Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile agus Uchtáil Idir Tíortha** 72
**Faisnéis Eile** 78
**Aguisín A** 79



# Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird

**Is cúis áthais agam é Tuarascáil Bhliantúil Údarás Uchtála na hÉireann i gcomhair na bliana 2022 a chur i láthair. Ba bhliain í 2022 inar tharla a lán anseo san Údarás. De réir mar a d'fhilleamar ar an ngnáthshaol tar éis shrianta COVID-19, agus tar éis seirbhís iomlán a bheith á feidhmiú againn trí chruinnithe Zoom le linn na paindéime, thosaigh an Bord, le tacaíocht ón lucht feidhmiúcháin, ar chruinnithe a reáchtáil san fhíorshaol arís i mí Aibreáin.**

Chuir an Bord fáilte mhór roimh chur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil i ndáil le hiarratais chuig an gClár um Shainroghanna Teagmhála (CST) agus ar an 3 Deireadh Fómhair i ndáil le hiarratais ar scaoileadh faisnéise.

Bhí an tÚdarás gníomhach ag gach céim de dhréachtú agus feidhmiú an phíosa thábhachtaigh reachtaíochta sin, agus ansin thug sé faoi dhianfheachtas faisnéise agus meán faoinar cuireadh bileog chuig gach teaghlach, teach altranais agus foras cónaithe in Éirinn. Ina theannta sin, bhí an tÚdarás ag obair le hAmbasáidí Éireannacha thar lear lena chinntiú go raibh an feachtas faisnéise éifeachtach thar lear.

Athrú ollmhór ó thaobh cúrsaí uchtála a bhí sa reachtaíocht nua agus chuir an Bord fáilte fhonnmhar roimpi. Le blianta fada anuas, diúltaíodh rochtain ar fhaisnéis faoina gcúinsí breithe agus faoi luathbhlianta a saoil do dhaoine a uchtaíodh anseo in Éirinn. Le rialú ón Ard-Chúirt timpeall 25 bliain ó shin, leagadh síos go gcaithfí cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart a bhí ag duine uchtaithe chun faisnéise agus ceart tuismitheora chun príobháideachta. Ba é an éifeacht a bhí aige sin go bhféadfaí a gcuid faisnéise breithe a dhiúltú do dhaoine uchtaithe a bhí á hiarraidh, ar an mbonn gur sárú ar cheart príobháideachta a dtuismitheoirí a bheadh i gceist. Dearbhaíodh sa reachtaíocht nua, áfach, an ceart atá ag daoine uchtaithe chun faisnéis a fháil maidir lena gcúinsí breithe agus luathbhlianta a saoil. Cuireadh an Clár um Shainroghanna Teagmhála, atá i bhfeidhm le roinnt blianta, ar bhonn reachtúil freisin. D'fháiltigh an Bord roimh an líon mór iarratas a fuarthas, líon a bhí níos mó ná mar a ceapadh.

Mhéadaigh líon na mball foirne san Údarás ó 29 go 59 duine i rith na bliana chun comhlíonadh a dhéanamh ar a chuid feidhmeanna, idir sean agus nua, faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Bhí an-áthas orm freisin a thabhairt ar aird gur mhéadaigh an fhoireann Oibre Sóisialta chuig a líon iomlán, rud a fhágann go bhfuil dáréag gairmí san fhoireann sin anois.

Bhí an tÚdarás sásta gur ceapadh Ross Higgins mar Stiúrthóir Seirbhísí Faisnéise agus Taifead. Chomh maith lena ról maoirsithe i leith na gcóras faisnéise agus scaoileadh faisnéise faoin reachtaíocht nua, choinnigh Ross leis an obair thábhachtach maidir le digitiú a dhéanamh ar thaifid uchtála a bheidh ina gcabhair mhór maidir le faisnéis a sholáthar faoin reachtaíocht nua.Anuas ar an gceapachán sin, fuair an tÚdarás spás stórála breise sa láthair ina bhfuil sé anois, áit a stórálfar taifid uchtála.

Rinne an Dr Judy Lovett, Oifigeach Taighde, dul chun cinn lena cuid taighde in 2022, agus d'fhoilsigh sí an tríú agus an ceathrú ceann i sraith de chúig dhoiciméad faisnéise atá beartaithe, a bhaineann go sonrach le tíortha áirithe. Sna tuarascálacha is déanaí, féachtar ar uchtáil leanaí ón Rómáin agus ón tSín go hÉirinn. Bunaíodh meitheal chun príomhréimsí fócais an taighde dlí a shainiú.

I mí na Nollag, ba chúis díomá ag an Údarás é slán a fhágáil le Patricia Carey, a bhí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le hocht mbliana anuas. Is bean í Patricia a bhfuil fuinneamh, díograis, tiomantas, eagna agus léargas gan teorainn aici, agus chuir sí go mór leis an obair chun borradh a chur faoin Údarás ionas go mbeadh rath air, mar atá anois.

Léirítear sa rannán staitisticí figiúirí i leith cúrsaí oibriúcháin in 2022 agus i leith blianta roimhe sin i gcás phríomhréimsí oibre uile an Údaráis. Déantar comparáid sna sonraí sin idir líon na n-orduithe uchtála baile, cásanna uchtála idir tíortha, iarratais ar fhaisnéis bhreithe agus scaoileadh na sonraí sin, iarratais chuig an gClár um Shainroghanna Teagmhála agus meaitseanna idir daoine uchtaithe agus gaolta breithe in 2022 le hais blianta eile, agus sonraítear an líon Ceisteanna Parlaiminte agus iarrataí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí a phróiseáil an tÚdarás.

Thug an Bord ar aird an méadú ar chastacht na n-ábhar a thagann os a chomhair agus ar líon na gcásanna atá á gcur faoi bhráid na hArd-Chúirte.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid ama agus saineolais, as a ndíograis, as a ndúthracht agus as an obair millteanach crua a dhéanann siad chun cinntí móra a ghlacadh gan chamadh gan chlaonadh, cinntí a théann i bhfeidhm ar shaol daoine, agus iad ag díriú ar leas an linbh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an lucht feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann ardbhainistíochta a thug tacaíocht, seachtain i ndiaidh seachtaine, don Bhord ina chuid iarrachtaí na caighdeáin is airde a bhaint amach i ndáil le seirbhísí uchtála.

Ina theannta sin, gabhaim mo bhuíochas leis an Aire, Roderic O'Gorman, agus le foireann an Aonaid um Beartas Uchtála sa Roinn as an tacaíocht agus as an gcúnamh a thugann siad dúinn i gcónaí.

Táim ag tnúth le leanúint lenár misean a chur chun cinn maidir lena chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir i bhfeidhm sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir, agus, i dtaca leis sin, leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach, is é sin aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.

**Orlaith Traynor Uasal**
**Cathaoirleach an Bhoird**





# Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Ba bhliain as an ngnách í 2022 i stair an Údaráis Uchtála toisc gur deonaíodh raon leathan feidhmeanna nua dó faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Bhí na feidhmeanna nua sin le comhlíonadh taobh leis an obair a bhí á déanamh cheana faoin Acht Uchtála, 2010. Ba neamhghnách an staid ina raibh an tÚdarás dá bharr sin, agus dhá acht rialtais á gcur i bhfeidhm aige an tráth céanna.**

Chuir an reachtaíocht nua beocht úr in obair an Údaráis agus chothaigh sé fuadar agus meon dóchais i leith na bliana amach romhainn. Phleanáil an tÚdarás feachtas fairsing caidrimh phoiblí agus cumarsáide, agus é ag féachaint chuige go mbeadh saoránaigh na hÉireann agus diaspóra na hÉireann ar fud an domhain ar an eolas go hiomlán faoin bpíosa tábhachtach reachtaíochta sin agus faoin tionchar a bheadh aige ar dhaoine a uchtaíodh, a cuireadh ar altranas nó ar iostas, nó a ndearnadh a mbreith a chlárú ar bhealach mídhleathach nó bréagach.

Ar an 1 Iúil, tháinig an Clár um Shainroghanna Teagmhála (CST) i bhfeidhm ar bhonn reachtúil, ag teacht in ionad an Chláir Náisiúnta um Shainroghanna Teagmhála Uchtála (NACPR), clár deonach a bhunaigh an tÚdarás in 2005. Laistigh de mhí, bhí sainroghanna teagmhála cláraithe ag beagnach 900 duine uchtaithe agus tuismitheoir breithe. Aistríodh na taifid ón seanchlár agus bhí os cionn 16,000 taifead curtha leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála faoi dheireadh na bliana.


Bhí an tÚdarás ag obair le Tusla chun plean fairsing caidrimh phoiblí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear feachtas faisnéise poiblí, chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne i dtaobh na seirbhísí nua a eascraíonn as an Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Faoin bhfeachtas faisnéise, dáileadh leabhráin faisnéise ar theaghlaigh ar fud na tíre agus thar lear, agus bunaíodh suíomh gréasáin nua – birthinfo.ie – chomh maith le feachtas fógraíochta náisiúnta sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta, ar an raidió agus an teilifís agus ar na meáin shóisialta.

Le tacaíocht ón Aonad um Beartas Uchtála sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, lean an tÚdarás ag cur leis an rath a bhí ar an gclár oibre digitithe dá chuid agus aistríodh go leor taifead ó fhoinsí éagsúla chuig stór amháin a bhí ag teacht le caighdeáin an tionscail. Cuireadh le líon na mball foirne i gcomhair seirbhísí tacaíochta amhail TFC, an Chartlann agus na Taifid, rud a chuir ar a chumas don Údarás a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus é i mbun a chuid oibre. Thairis sin, chuir an tÚdarás tús le próiseas chun cultúr nuálaíochta agus feabhais a fhorbairt, ionas go bhféadfadh an fhoireann próisis agus córais a fheabhsú nuair is féidir é agus go mbeadh fonn orthu sin a dhéanamh.

I rith na bliana, lean an tÚdarás ar aghaidh lena ghnáthobair i ndáil le huchtáil bhaile agus uchtáil idir tíortha, obair shóisialta, creidiúnú soláthraithe, taighde agus leis an gcartlann, in éineacht lena chuid oibre le féachaint chuige gur áit mhaith oibre é an tÚdarás i gcónaí. Leagadh tábhacht mhór ar fholláine na foirne arís eile le linn 2022, agus leanfaidh an tÚdarás lena chuid oibre ina leith sin i rith 2023.

Is mian liom mo bhuíochas agus mo mhórmheas a chur in iúl don Bhord as dúthracht agus dícheall na gcomhaltaí, agus cinntí deacra á ndéanamh acu ar mhaithe le leas an linbh. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí na foirne ardbhainistíochta agus le foireann iomlán an Údaráis as a dtiomantas agus a mbuanseasmhacht agus obair íogair, thábhachtach an Údaráis á cur chun cinn acu.

D'éirigh thar barr leis an bhfeachtas fógraíochta agus níorbh fhada go bhfuair an tÚdarás agus Tusla líon mór iarratas ar fhaisnéis bhreithe agus faisnéis faoi luathbhlianta, chomh maith le hiarratais ar rianú. D'fhág an borradh sin agus castacht agus fairsinge na faisnéise a bhí i gceist gur cuireadh dúshlán na foirne maidir le faisnéis a sholáthar laistigh de na scálaí ama a bhí leagtha síos, agus tá foireann an Údaráis fós ag obair go dian dícheallach chun freagra chomh prás agus is féidir a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis. Mar thoradh ar fhaisnéis a eisíodh, tháinig cuid mhór fiosrúcháin bhreise isteach nach raibh súil leo, rud a chuir moill eile fós ar an scaoileadh faisnéise.



**An tUasal Colm O'Leary**
**Príomhfheidhmeannach Eatramhach**




# Príomh-ghníomhaíochtaí agus Gnóthachtálacha 2022

# Grafaicí Faisnéise

## Treocht aníos maidir le príomhchinntí uchtála

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Orduithe um Uchtáil Bhaile | 81 | 101 | 102 |
| Iontrálacha ar Chlár na nUchtálacha Idir Tíortha | 184 | 136 | 170 |

## Teagmhálaithe ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála




I mí Feabhra 2022 sheol **an tÚdarás Plean Straitéiseach 2022-2024**

Uchtálacha Idir Tíortha a aithníodh in 2022 (iontrálacha sa Chlár Uchtála Idir Tíortha) – Uchtaitheoirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn

- SAM - 13
- Vítneam - 3
- An Téalainn - 2

Na tíortha ba mhó ar uchtaíodh leanaí uathu in 2022 (iontrálacha sa Chlár Uchtála Idir Tíortha) – Uchtaitheoirí ar a bhfuil cónaí rialta thar lear

- Sasana - 52
- Tuaisceart Éireann - 28
- SAM - 19
- Albain - 8

Straitéis Taighde 2023–2026 ullmhaithe

## Dearbhuithe Cáilitheachta a deonaíodh do Thuismitheoirí Ionchasacha

| Dearbhuithe | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Baile | 93 | 121 | 100 |
| Idir Tíortha | 35 | 41 | 22 |

## Cruinnithe Boird

| | |
|---|---|
| 2020 | 24 |
| 2021 | 24 |
| 2022 | 25 |

## Orduithe Ard-Chúirte um Iarratais ar Uchtáil Bhaile

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| S18 ↓ | 3 | 2 | 1 |
| S30 ↑ | 15 | 19 | 24 |
| S54 ↑ | 11 | 14 | 18 |

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a chleachtais Oibre Sóisialta agus chuir sé i bhfeidhm **Creat Cleachtais maidir le hObair Shóisialta**

## Athbhreithnithe Comhaid arna ndéanamh ag Oibrithe Sóisialta de chuid an Údaráis

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Comhaid bhaile | 175 | 121 | 121 |
| Comhaid idir tíortha | 57 | 41 | 23 |

## Iarrataí eile ar shonraí agus ar fhaisnéis

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Iarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí | 32 | 97 | 73 |
| Ceisteanna Parlaiminte | 15 | 34 | 37 |
| Iarrataí um Shaoráil Faisnéise | 11 | 34 | 26 |

# FAISNÉIS BHREITHE AGUS RIANÚ

Ar an 1 Iúil 2022, ritheadh an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 (AFBR)

**Feachtas Teilifíse**
Sroicheadh
**3.4 Milliún Lucht Féachana**

**Leabhráin Faisnéise**
**Cuireadh 2 mhilliún Leabhrán Faisnéise** chuig teaghlaigh agus foirgnimh phoiblí agus cuireadh ar fáil iad lena n-íoslódáil

**Físeáin YouTube faoin Acht**
**3.7 Milliún Amharc**

**Agallaimh**
**30 Agallamh Teilifíse agus Raidió** leis an bPríomhfheidhmeannach agus ar líne le híoslódáil

**Feachtas Raidió**
Sroicheadh
**981,000 Éisteoir**

**Na Meáin Chlóite**
**76 Fógra** in **39 teideal clóite** in Éirinn

**Amais ar an suíomh gréasáin Birthinfo**
**129,000 amas**
ó 31K duine

Idir Deireadh Fómhair agus Nollaig; **2570 Iarratas** ar Fhaisnéis Bhreithe

**& 11** seisiún faisnéise le hiarratasóirí faoi na sonraí a bhí iarrtha acu

## Méadú Foirne

32 - 52
(ardú 62.5%)
31 Comórtas Earcaíochta

## Gníomhaireachtaí a Díchláraíodh

- St Brigid's Information and Tracing Agency
- Cúnamh
- Arabella faoin ainm trádála Here2Help



# Forléargas ar Údarás Uchtála na hÉireann

**Is comhlacht neamhspleách garbhreithiúnach é Údarás Uchtála na hÉireann, a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 faoin Acht Uchtála, 2010, faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). Is é an tÚdarás freisin, de réir Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtáil Idir Tíortha, 'an tÚdarás Lárnach' i ndáil le huchtáil idir tíortha in Éirinn. Is é cuspóir an Achta Uchtála, 2010 feabhas a chur ar chaighdeáin na huchtála baile agus na huchtála idir tíortha araon.**

Tugadh uchtáil dhlíthiúil isteach den chéad uair in Éirinn faoin Acht Uchtála, 1952. Ritheadh Acht na bliana 1952 ar an 1 Eanáir 1953, agus bunaíodh an Bord Uchtála faoin Acht sin. Bhí sé de cheart ag an mBord Uchtála, agus aige siúd amháin, orduithe uchtála a dheonú nó diúltú iad a dheonú. Tá an ceart sin dílsithe anois don Údarás faoin reachtaíocht a tugadh isteach in 2010, faoina ndearnadh na hAchtanna Uchtála ó 1952 go 1998 a aisghairm.

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 96 den Acht Uchtála, 2010. Áirítear orthu sin feidhmeanna oibriúcháin, breithiúnacha agus garbhreithiúnacha maidir leis an bpróiseas uchtála féin, dá bhforáiltear faoin Acht, ach anuas orthu sin tá feidhmeanna a bhaineann le hainmniú an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach de réir Choinbhinsiún na Háige 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtáil Idir Tíortha. Ina theannta sin, tá feidhmeanna clárúcháin agus rialúcháin ag an Údarás, chomh maith le feidhmeanna tuairiscithe, comhairle agus taighde.

Leasaíodh Acht na bliana 2010 roinnt uaireanta ó tháinig tús feidhme leis, leis an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011
- An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013
- An tAcht um an gCúirt Achomhairc, 2014
- An tAcht um Inscne a Aithint, 2015
- An tAcht um Chaidrimh Leanaí agus Teaghlaigh, 2015
- An tAcht Uchtála (Leasú), 2017
- An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Leis an Acht Uchtála (Leasú), 2017, tugadh éifeacht reachtach don Acht um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí), 2012 trína chinntiú go dtabharfaí aird mhór ar leas an linbh maidir le haon ábhar agus go bhfaigheadh an tÚdarás Uchtála nó an chúirt tuairimí an linbh, agus go dtabharfaí aird chuí ar na tuairimí sin, ag féachaint d'aois agus aibíocht an linbh. Faoin Acht Leasaithe na bliana 2017 freisin, ceadaíodh don Ard-Chúirt toiliú tuismitheora a ligean thar ceal agus údaraíodh don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i leith an linbh sin agus rinneadh foráil maidir le huchtáil linbh i gcás páirtnéirí sibhialta agus lánúineacha comhchónaithe agus ceadaíodh uchtáil leastuismitheora gan an ceanglas a bheith ann go ndéanfadh an tuismitheoir eile a leanbh féin a uchtáil.

Ar an 30 Iúil 2022, rinneadh dlí den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 (AFBR). Leis an mórphíosa reachtaíochta sin, tugadh ceart rochtana iomlán, soiléir ar dheimhnithe breithe agus ar fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil do na daoine go léir a uchtaíodh, a cuireadh ar altranas nó ar iostas, nó a ndearnadh a mbreith a chlárú ar bhealach mídhleathach, nó a raibh ceisteanna eile acu maidir lena mbunadh. Ina theannta sin, ceadaíodh rochtain ar fhaisnéis do neasghaol i gcúinsí áirithe.

Faoin dlí nua freisin, bunaíodh an Clár um Shainroghanna Teagmhála (CST) agus seirbhís stuama rianaithe, chomh maith le bearta saincheaptha éagsúla nua chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn i gcás daoine a ndearnadh clárú mídhleathach ar a mbreith. Tugadh sainordú don Údarás i ndáil le taifid uchtála a choimeád slán.



# Feidhmeanna Údarás Uchtála na hÉireann

**Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tÚdarás don phobal na réimsí seo a leanas:**

## Uchtáil Bhaile

Tagraíonn uchtáil bhaile don chás ina n-uchtaíonn duine nó lánúin a bhfuil cónaí air, uirthi nó orthu in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air nó uirthi in Éirinn freisin. Is é cineál agus éifeacht ordú uchtála Éireannaigh ná go bhfágtar gur leanbh de chuid an uchtaitheora/na n-uchtaitheoirí é nó í an leanbh amhail is gur dóibh a saolaíodh é nó í, agus go sanntar dóibh cearta agus dualgais uile an tuismitheora nó na dtuismitheoirí agus an linbh i ndáil lena chéile. Faoi reachtaíocht uchtála na hÉireann, ní cheadaítear ach leanbh a uchtáil. Is é an sainmhíniú atá ar leanbh ná duine nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici go fóill. Tá ceithre chineál éagsúla uchtála baile ann – leasteaghlach, uchtáil a dhéanann teaghlach sínte/gaolta, uchtáil bhaile .

## Uchtáil Idir Tíortha

Le huchtáil idir tíortha, tagraítear don chás ina gcinneann daoine atá ina gcónaí in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír seachas Éire a uchtú. Is é cineál agus éifeacht uchtála den sórt sin ná go bhfágtar gur leanbh de chuid an uchtaitheora é nó í an leanbh amhail is gur dó, di nó daoibh a saolaíodh é nó í, agus go sanntar dóibh cearta agus dualgais uile an tuismitheora nó na dtuismitheoirí agus an linbh i ndáil lena chéile. Cuireadh bonn reachtúil faoin uchtáil idir tíortha in 1991 nuair a ritheadh an tAcht Uchtála.

## Seirbhísí Faisnéise agus Taifid

Cuidíonn an tAonad Seirbhísí Faisnéise agus Taifead le faisnéis iar-uchtála agus le seirbhísí amhail rochtain ar thaifid. Ritheadh an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú i mí Iúil 2022, rud a fhágann go bhfuil an Clár um Shainroghanna Teagmhála ar oscailt i gcomhair iarratas. Tá rochtain ar fáil anois ar fhaisnéis bhreithe, faisnéis faoi chúram agus luathshaol, faisnéis leighis, faisnéis maidir le clárú mídhleathach breithe agus maidir le hítimí arna soláthar, chomh maith leis an rogha iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí rianaithe. Tá an tAonad seo freagrach freisin as cosaint sonraí, Saoráil Faisnéise (SF), TFC digiteach agus Cartlanna stairiúla a thagann faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986-2018.

## Obair Shóisialta

Tuigeann oibrithe sóisialta san Údarás Uchtála gur próiseas ar feadh an tsaoil í an uchtáil as a n-eascraíonn mothúcháin agus riachtanais éagsúla i gcás na bpáirtithe atá i gceist. Tá an tseirbhís oibre sóisialta san Údarás Uchtála freagrach as seirbhís reachtúil rianaithe a sholáthar dár gcliaint. Chomh maith leis an obair sin, cuireann oibrithe sóisialta seirbhís eadrána, idirghabháil ghairid agus tacaíocht ar fáil agus déanann siad athbhreithnithe iomlána ar gach uchtáil atá beartaithe faoi láthair.

## Creidiúnú

I gcomhthéacs na huchtála, ciallaíonn creidiúnú meastóireacht fhoirmiúil a dhéanann Údarás Uchtála na hÉireann ar chomhlachtaí nó ar dhaoine áirithe, go háirithe ar chomhlachtaí nó ar dhaoine a bhfuil baint acu le socruithe a dhéanamh maidir le leanbh a uchtáil nó a sholáthraíonn seirbhísí amhail rianú, comhairleoireacht nó eadráin le haghaidh daoine uchtaithe nó gaolta le daoine uchtaithe.

## Taighde

Mar chuid dá fheidhm reachtúil, ceanglaítear ar an Údarás tabhairt faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le seirbhísí uchtála, nó cabhrú leo. Tá an tÚdarás tiomanta do bhonn eolais a chur faoi bheartas uchtála agus faoi fheidhmiú seirbhísí trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.



# Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna

## Misean an Údaráis Uchtála

'A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir.'

## Fís an Údaráis Uchtála

'Aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.'

## Prionsabail agus Luachanna

Tá sraith prionsabal agus luachanna glactha ag an Údarás lena gcuirtear bonn faoin gcur chuige atá aige i leith a mhisin, a fhíse, a spriocanna, a chuspóirí agus a oibríochtaí laethúla. Baineann siadsan leis an méid seo a leanas:

### A bheith Dírithe ar Leanaí:

Díriú ar leas an linbh mar ghné ríthábhachtach sa phróiseas uchtála, agus aird á tabhairt ar riachtanais an linbh ar feadh an tsaoil. A chinntiú go n-éistfear leis an leanbh agus go dtabharfar freagraí fiúntacha air nó uirthi i rith an phróisis uchtála.

### Seirbhísí Ardchaighdeáin:

Seirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar maidir le huchtáil, a bheidh bunaithe ar an dlí agus ar an dea-chleachtas, agus saineolaithe a fhorbairt agus a fhostú sa réimse sin (lena n-áirítear tiomantas d'fheabhas leanúnach ar sheirbhísí).

### Cuntasacht:

Trí chleachtas eiticiúil agus trédhearcacht; *modus operandi* atá faoi réir grinnscrúdú, atá neamhchlaonta, cothrom agus atá faoi threoir ag cleachtas uchtála atá macánta, ceart, cuntasach agus eiticiúil. A bheith tiomanta do sheirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil chun luach ar airgead a bhaint amach.

### Meas:

A bheith tiomanta do chaitheamh le gach geallsealbhóir sa phróiseas uchtála nó eile le dínit, le meas agus le cúirtéis.


A bheith ina eagraíocht a bhíonn ag éisteacht, ag foghlaim agus ag cumhachtú, dóibh siúd go léir a bhíonn ag obair le seirbhísí uchtála nó a dtéann seirbhísí uchtála i bhfeidhm orthu, agus a éisteann leis na baill foirne agus a bhfuil meas aici orthu, agus a fhéachann chuige gur áit mhaith oibre is ea an tÚdarás

**Is achoimre í an Tuarascáil Bhliantúil seo ar na príomhphíosaí oibre a rinne Údarás Uchtála na hÉireann in 2022. Gheofar tuilleadh faisnéise faoin Údarás, a fhoilseacháin agus a chuntais airgeadais ar www.aai.gov.ie.**



# Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2022

# Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2022





# Bord Údarás Uchtála na hÉireann

## Comhaltas an Bhoird

**De réir an Achta Uchtála, 2010, beidh seachtar comhaltaí ar an mBord: an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí, arna gceapadh ag an Aire. Tréimhse nach faide ná cúig bliana is ea téarma oifige an Bhoird. I gcás comhaltaí ceaptha a thugann téarma oifige chun críche, beidh siad incháilithe lena n-athcheapadh ar an mBord, ach ní fhéadfaidh siad fónamh mar chomhalta ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile.**

**Níl aon athrú tagtha ar chomhdhéanamh an Bhoird ón 1 Samhain 2020.**

| |
|---|
| Orlaith Traynor Uasal, Cathaoirleach |
| An tUasal Sean O'Brien, Leas-Chathaoirleach |
| An Dr Helen Buckley |
| An tUasal Paul Harrison |
| An Breitheamh Patrick McMahon (Ar scor) |
| An Dr Margo Anglim |
| An tOllamh Sheila Greene |

## Cothromaíocht Inscne

Amhail an 31 Nollaig 2022, ceathrar ban (57%) agus triúr fear (43%) a bhí ar an mbord, agus ní raibh aon phost folamh. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag fir agus mná araon ar bhoird stáit.

## Cruinnithe an Bhoird

TIs córam tinreamh é an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach a bheith i láthair, mar aon le beirt ghnáthchomhaltaí, ar oibrí sóisialta duine amháin acu.

De réir an Achta Uchtála 2010, tionólfaidh an Bord a mhéid cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach tionólfaidh sé 12 chruinniú in aghaidh na bliana ar a laghad. Thionóil an Bord 17 gcruinniú a bhí ar an sceideal agus ocht gcruinniú bhreise le linn 2022.

Déantar cruinnithe an Bhoird a eagrú sa chaoi is go ndéantar cruinniú 'iomlán' Boird amháin a thionól gach mí, ag a ndéileáiltear le hábhair seachas deonú orduithe uchtála. Go ginearálta, bíonn an dara cruinniú den mhí dírithe ar orduithe uchtála a dheonú agus ar aon ghnó práinneach eile nach mór déileáil leis ar an lá. Go ginearálta, ní gá ach córam an Bhoird a bheith i láthair ar laethanta na n-orduithe uchtála agus i gcás éisteachtaí éigeandála eile nó cruinnithe breise chun orduithe uchtála éigeandála a dheonú, agus léirítear é sin sa tuarascáil tinrimh in Aguisín A.

Rith an Bord rún go mbeadh cruinniú amháin ar a laghad ann gach bliain le haghaidh cúrsaí rialachais amháin. Tionóladh dhá chruinniú rialachais le linn 2022, ar an 24 Bealtaine agus an 22 Samhain. Ag gach cruinniú Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ina soláthraítear faisnéis agus tuairisc chun dáta don Bhord ar fheidhmiú Údarás Uchtála na hÉireann, ar fheidhmiú an Phlean Gnó bhliantúil, ar chúrsaí caiteachais agus buiséid agus ar shaincheisteanna agus/nó tarlúintí ábhartha eile. Leagtar amach i gCuid 4 den Acht Uchtála na cumhachtaí atá dílsithe don Bhord, lena n-áirítear

- An chumhacht chun Dearbhuithe Cáilitheachta agus Oiriúnachta a eisiúint d'uchtaitheoirí ionchasacha;
- Éisteacht a thabhairt d'iarratais i ndáil le horduithe uchtála agus orduithe uchtála a dhéanamh;
- An chumhacht chun uchtálacha idir tíortha a aithint, ar cinn iad a dhéantar lasmuigh den Stát.

Bíonn na hábhair sin ar an gclár oibre ag cruinnithe an Bhoird agus pléitear leo faoi Chuid Bhaile agus Cuid Idir Tíortha an chláir oibre. Mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tháinig an Bord le chéile dhá uair in 2022 gan aon duine den lucht feidhmiúcháin (is é sin, an Príomhfheidhmeannach, Rúnaí an Bhoird agus aon chomhalta foirne nó comhalta bainistíochta eile) a bheith i láthair.

Ar gach ceann de na dátaí ar ar reáchtáladh cruinniú Boird 'iomlán' tháinig an Bord le chéile gan an lucht feidhmiúcháin i láthair ó 9.45 am ar feadh cibé tréimhse ba ghá chun cúrsaí a phlé. Leanfar leis an gcur chuige sin in 2023.

## Coistí an Bhoird

De réir an Achta Uchtála, 2010, féadfaidh an Bord coistí a cheapadh de réir mar is cuí leis chun comhairle a chur air maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, agus tá dhá choiste ceaptha aige:

### An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta

Tá beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta (CRI). Is é ról CRI tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus an dearbhú a ghabhann leo. Tá CRI neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn CRI go háirithe go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta.

Ba iad comhaltaí CRI go dtí an 14 Iúil 2022

| |
|---|
| Claire Byrne Uasal (Cathaoirleach), |
| Orlaith Traynor Uasal (Cathaoirleach an Údaráis), |
| An tUasal Paul Harrison (Comhalta Boird) agus |
| Tara McDermott Uasal (Comhalta Seachtrach). |

Ba iad comhaltaí CRI ón 25 Deireadh Fómhair 2022

| |
|---|
| Patricia Gilheaney Uasal (Cathaoirleach), |
| Orlaith Traynor Uasal (Cathaoirleach an Údaráis), |
| An tUasal Paul Harrison (Comhalta Boird) agus |
| Tara McDermott Uasal (Comhalta Seachtrach). |

TTagann CRI le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain, agus tá sé d'údarás aige cruinnithe breise a thionól de réir mar is gá. Is ionann beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den choiste a bheith i láthair agus córam. In 2022, tháinig CRI le chéile ceithre huaire. Thug CRI cuireadh do dhaoine den lucht feidhmiúcháin, d'iniúchóirí nó do dhaoine eile freastal ar chruinnithe agus faisnéis ábhartha a sholáthar, de réir mar ba ghá. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Comhlíontachta ar gach cruinniú. Cuireann Crowleys DFK tacaíocht rúnaíochta ar fáil.

Ullmhaíodh cláir na gcruinnithe roimh ré agus soláthraíodh é do chomhaltaí an choiste mar aon le hábhair faisnéise cuí. Choinnigh CRI miontuairiscí nó tuairiscí eile ar a chuid cruinnithe agus gníomhaíochtaí. I measc na n-iniúchtaí a choimisiúnaigh CRI bhí athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, athbhreithniú ar chur chuige an Údaráis maidir lena chinntiú go bhfaigheann sé luach ar airgead, athbhreithniú leantach maidir le moltaí iniúchta inmheánaigh áirithe a rinneadh leis an Údarás roimhe seo agus, ar deireadh, iniúchadh ar chur chuige an Údaráis maidir le Leanúnachas Gnó agus Pleanáil Athshlánaithe ó Thubaiste. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2022 de chuid CRI faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil ag a chruinniú ar an 9 Bealtaine 2023.

### An Fochoiste Taighde

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an bhFochoiste Taighde, beirt chomhaltaí neamhspleácha agus seisear comhaltaí foirne.

Is iad príomhfheidhmeanna an Fhochoiste Taighde ná tacú leis an Údarás maidir le straitéis taighde a ullmhú, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar cibé tionscadail a mholann an tÚdarás agus comhairle a chur ar an Údarás ina leith, agus breithniú agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le cúrsaí beartais a bhaineann le taighde.

Tugann an Fochoiste Taighde comhairle freisin faoi thaighde a choimisiúnaíonn an Bord, cuireann sé chun cinn scaipeadh aon taighde a dhéantar, agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le leithdháileadh cistí taighde.

Is iad comhaltaí an Fhochoiste Taighde

| |
|---|
| An Dr Helen Buckley (Comhalta Boird); |
| Orlaith Traynor Uasal, (Cathaoirleach an Údaráis); |
| An tOllamh Sheila Greene (Comhalta Boird); |
| An Dr Margo Anglim (Comhalta Boird); |
| Claire McGettrick Uasal, UCD (Comhalta Seachtrach); |
| An Dr Richard Sullivan, Ollamh Emeritus, Ollscoil British Columbia (Comhalta Seachtrach); |
| Patricia Carey Uasal (POF) (go dtí 20/12/2022); |
| An Dr Judy Lovett (Oifigeach Taighde); |
| An tUasal Darren Broomfield (Ceann na hOibre Sóisialta); |
| An tUasal Gordon Corrigan (Ardoifigeach Feidhmiúcháin Faisnéise agus Taifead); |
| An tUasal Mark Kirwan (Ceann na hUchtála Baile) agus |
| Orla Bolger Uasal (Ceann na hUchtála Idir Tíortha). |

Tháinig an Fochoiste Taighde le chéile trí huaire in 2022.

## Rialachas

Bunaíodh Bord Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála, 2010. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 96 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó uile.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil Údarás Uchtála na hÉireann. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mhórthreoir straitéiseach a leagann an Bord síos, agus ní mór dóibh féachaint chuige go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí móra is dóigh a thiocfaidh chun cinn. Nasc díreach is ea an Príomhfheidhmeannach idir an Bord agus foireann agus lucht bainistíochta Údarás Uchtála na hÉireann.

## Freagrachtaí

*An Bord*

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i gCód Rialachais Údarás Uchtála na hÉireann.

Faoi Alt 112 den Acht Uchtála, 2010, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé i cibé foirm a fhormheasfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin más míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- A lua ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 112 den Acht Uchtála, 2010. Is é an Bord atá freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Is é an Bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. Déantar measúnú rialta ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don Phlean Gnó agus don bhuiséad bliantúil ag cruinnithe Boird.

Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## An Cathaoirleach

Is é príomhról an Chathaoirligh ceannaireacht a sholáthar don Bhord agus don Údarás maidir le comhlíonadh na bhfreagrachtaí a shanntar dó faoina reacht bunaithe.

Baineann dualgais shonracha an Chathaoirligh le bainistiú an Údaráis mar seo a leanas:

- Cláir oibre a leagan síos go cuí, bainistíocht agus tacaíocht do chruinnithe Boird;
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe Boird ag a ndéanfar cinntí soiléire agus ag a mbainfear amach cothromaíocht idir an méid atá le rá ag Comhaltaí an Bhoird agus ag an bPríomhfheidhmeannach agus an lucht feidhmiúcháin;
- A chinntiú go gcoinnítear taifead cruinn i miontuairiscí an chruinnithe ar na cinntí a rinneadh;
- Gach cruinniú de chuid an Bhoird a stiúradh go cuí agus feidhmíocht an Bhoird a mheas;
- A chinntiú go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach agus go mbíonn an Bord ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil;
- Tuarascáil Chuimsitheach a chur ar fáil don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhar le tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit i gcomhlíonadh na Socruithe Airgeadais agus Tuairiscithe faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh/cumarsáid leo seo a leanas:

- An Príomhfheidhmeannach, lena n-áirítear meastóireacht feidhmíochta an Phríomhfheidhmeannaigh;
- An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus a Roinn;
- Príomhpháirtithe seachtracha eile agus trí obair agus misean an Údaráis a chur chun cinn;
- An Bord, le meon measa, muiníne agus macántachta a fhágann gur féidir ceisteanna dúshlánacha agus ionchur dúshlánach a phlé;
- An Fochoiste nó na Fochoistí Oireachtais cuí.

*An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*

Foráiltear san Acht Uchtála, 2010 gurb é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta d'Údarás Uchtála na hÉireann agus tugtar sainmhíniú soiléir ann ar an gcreat cuntasachta a bhfuil Údarás Uchtála na hÉireann faoina réir. Tacaíonn an creat rialachais agus socruithe rialachais chorparáidigh laistigh den eagraíocht leis an méid sin.

Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus, tríd an Aire, don rialtas. Tá sé cuntasach freisin, tríd an bPríomhfheidhmeannach ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, don Oireachtas faoi Choiste na gCuntas Poiblí agus faoi choistí eile de chuid an Oireachtais. Ní mór don Bhord tuarascáil bhliantúil a chur isteach, agus cibé faisnéis eile a theastaíonn ón Aire.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as

- Cur i bhfeidhm na mbeartas arna bhfaomhadh ag an mBord;
- Bainistíocht laethúil na mball foirne;
- Riar agus gnó Údarás Uchtála na hÉireann;
- An buiséad bliantúil a ullmhú lena fhaomhadh ag an mBord agus é a chur faoi bhráid RLCMLÓ;
- An fhaisnéis is déanaí a sholáthar don Bhord, agus do choistí eile de chuid an Bhoird, maidir le bainistiú Údarás Uchtála na hÉireann;
- Cur i bhfeidhm beartais agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bPlean Straitéiseach.

### Stipinn na gComhaltaí Boird

Tá táille bhliantúil 7,965 iníoctha le comhaltaí an Bhoird mar aon le speansais taistil agus chothaithe ag na rátaí a leagan an Roinn Airgeadais síos. De réir rialacháin na Roinne Airgeadais, ní íoctar táillí le comhaltaí Boird atá fostaithe mar sheirbhísigh phoiblí faoi láthair. Ó mhí na Samhna 2020, mar aitheantas ar chineál garbhreithiúnach chinntí agus obair an Údaráis, íoctar suim €57,646 in aghaidh na bliana leis an gCathaoirleach. Is go ráithiúil i riaráiste a dhéantar gach íocaíocht.



# Rialachas Corparáideach

Is é an tAcht Uchtála, 2010 an bonn reachtúil faoinár bunaíodh an tÚdarás.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir phrionsabail dea-chleachtais an rialachais chorparáidigh i gcomhréir leis an Acht Uchtála, 2010 agus, nuair is infheidhme, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Rialú Airgeadais

Déantar buiséad an Údaráis a leithdháileadh trí RLCMLÓ. Is é an Príomhfheidhmeannach Oifigeach Cuntasaíochta an Údaráis. In 2022, b'ionann leithdháileadh airgeadais an Údaráis Uchtála agus €7,557,000.

Mar a leagtar amach in Alt 112 den Acht Uchtála, 2010, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbhearta an Údaráis a chinntiú.

I measc na bhfeidhmeanna atá mar bhonn agus taca ag na freagrachtaí sin, tá údarú agus faireachán a dhéanamh ar íocaíochtaí as ucht earraí agus seirbhísí, próisis tairisceana, agus tuairisceáin mhíosúla a thiomsú do RLCMLÓ.

Bíonn na Ráitis Airgeadais faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OACC). Is iondúil nach ndéantar iniúchadh ar Ráitis Airgeadais i leith bliain ar leith an tráth a bhfoilsítear an Tuarascáil Bhliantúil ábhartha. Cuireadh tús le hiniúchadh ar chuntais na bliana 2022 i mí Aibreáin 2023. Nuair a bheidh siad formheasta ag OACC, foilseofar Ráitis Airgeadais na bliana 2022 ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Is iad Crowleys DFK, Cuntasóirí Cairte, a chuir seirbhísí cuntasaíochta ar fáil don Údarás le linn 2022.

### Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht iomlán ar an mBord as rialú inmheánach airgeadais an Údaráis. Tarmligeann sé freagracht chuig CRI as faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na timpeallachta rialaithe inmheánaigh. Faigheann CRI tuarascálacha rialta ón lucht bainistíochta, ón bPríomhoifigeach Riosca, agus ó iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. Tá socruithe den sórt sin ceaptha chun na rioscaí atá roimh Údarás Uchtála na hÉireann a bhainistiú seachas fáil réidh leo.

### Bainistíocht Buiséid

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta buiséad bliantúil a bhíonn bunaithe ar riachtanais oibriúcháin agus forbartha an Údaráis. Molann an Príomhfheidhmeannach an buiséad don Bhord lena fhaomhadh. Maidir leis an bhfreagracht laethúil as caiteachas a bhainistiú laistigh de theorainneacha buiséid, déantar í a shannadh ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar Cheann na Comhlíontachta, le tacaíocht ó chomhairleoirí airgeadais an Údaráis, Crowleys DFK. Déantar dlúthfhaireachán ar bhuiséid agus cuirtear tuarascálacha míosúla ar fáil do RLCMLÓ agus don Phríomhfheidhmeannach.

### An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta

Tá duine seachtrach ina chathaoirleach ar CRI agus ar an gcoiste sin freisin tá Cathaoirleach an Bhoird, comhalta den Bhord agus comhalta seachtrach amháin eile a bhfuil saineolas agus taithí mhór ghnó aige nó aici san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Comhlíontachta ar gach cruinniú coiste. Tháinig CRI le chéile ceithre huaire le linn 2022 agus bhuail sé le hionadaithe ó OACC, chomh maith le hiniúchóirí inmheánacha. Ina dTuarascáil Bhliantúil i leith 2022, léirigh CRI go rabhadar sásta leis an timpeallacht rialaithe airgeadais ghinearálta ina bhfeidhmíonn an tÚdarás.

Tá ról bunúsach ag CRI maidir lena chinntiú go bhfeidhmíonn an tÚdarás de réir dea-chaighdeáin rialachais, chuntasaíochta agus iniúchóireachta agus go nglacann sé socruithe bainistíochta agus riosca cuí. Déanann sé an méid sin trí mhaoirsiú a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhfheidhmeannach, ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, ar na nithe seo a leanas agus comhairle a chur orthu i ndáil leo:

- Na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- Na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach le haghaidh iniúchta iad, leibhéal na n-earráidí arna n-aimsiú, agus litir ionadaíochta an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- An ghníomhaíocht atá pleanáilte agus torthaí an iniúchta inmheánaigh agus an iniúchta sheachtraigh araon;
- Leordhóthanacht fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a eascraíonn ón iniúchadh, lena n-áirítear litir ionadaíochta bainistíochta an iniúchóra sheachtraigh;
- Dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht riosca agus ceanglais rialachais chorparáidigh i leith Údarás Uchtála na hÉireann;
- Tograí maidir le tairiscintí a dhéanamh ar sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí nó seachtracha nó maidir le seirbhísí neamh-iniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- Beartais frithchalaoise, próisis nochta faoi chosaint, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta; agus
- Déanann CRI athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtacht féin agus tuairiscíonn sé torthaí an athbhreithnithe sin don Bhord.

Áiríodh ar chlár oibre an Choiste in 2022

- Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021;
- Plé agus faomhadh an Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí agus na Cairte Iniúchóireachta Inmheánaí;
- Faomhadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Soláthair 2022;
- Dréacht-Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird;
- Dréacht-Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2021;
- Iniúchadh OACC ar Ráitis Airgeadais 2021;
- COVID-19;
- Comhlachtaí Creidiúnaithe;
- Buiséad 2022 agus Dréachtbhuiséad 2023;
- Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh airgeadais;
- Seicliosta na Rialuithe Inmheánacha;
- Torthaí an athbhreithnithe inmheánaigh ar éifeachtacht;
- Athbhreithniú ar bhuiséad na bliana go dtí seo i gcomparáid leis an gcaiteachas iarbhír;
- An Beartas Bainistíochta Riosca agus an Clár Rioscaí a phlé agus a fhaomhadh;
- Tuarascáil Bhliantúil CRI don Bhord a ullmhú.

## An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Feidhm breithmheasa neamhspleách is ea an iniúchóireacht inmheánach chun dearbhú a sholáthar don Bhord, do CRI, don Phríomhfheidhmeannach agus do gach leibhéal bainistíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras rialachais, riosca agus rialuithe inmheánaigh atá i bhfeidhm in Údarás Uchtála na hÉireann.

Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Feidhmíonn sí de réir cairt iniúchóireachta arna faomhadh ag an mBord agus plean iniúchóireachta bliantúil arna fhaomhadh ag an bPríomhfheidhmeannach agus CRI. Agus iniúchtaí á ndéanamh aige, cloíonn an conraitheoir leis an treoir ón Institiúid um Chaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí, arna oiriúnú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena húsáid i ranna rialtais.

Cuirtear gach tuarascáil iniúchta faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus CRI, agus faigheann siadsan tuarascálacha tréimhsiúla freisin ina léirítear an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcomparáid leis an bplean. Rinne na hiniúchóirí inmheánacha athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, athbhreithniú ar chur chuige an Údaráis maidir lena chinntiú go bhfaigheann sé luach ar airgead, athbhreithniú leantach maidir le moltaí áirithe a rinne iniúchóirí inmheánacha leis an Údarás roimhe seo agus, ar deireadh, iniúchadh ar chur chuige an Údaráis maidir le Leanúnachas Gnó agus Pleanáil Athshlánaithe ó Thubaiste. Bhí rátálacha 'sásúil' ina dtoradh ar na hiniúchtaí. Glacadh leis na moltaí a rinneadh. Bhain an tÚdarás leas as seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí in 2019 a fuarthas tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus é ag baint úsáid as a gcreat atá bunaithe ag an oifig sin le haghaidh seirbhísí cuntasaíochta agus iniúchóireachta. Mairfidh an conradh sin go dtí deireadh 2023.

## Soláthar

Feidhmíonn Údarás Uchtála na hÉireann faoi na Treoirlínte Soláthair Phoiblí lena dtugtar treoir maidir le gach gníomhaíocht i ndáil le beartas soláthair agus lena gcinntítear go gcomhlíontar cuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, na córa comhionainne agus na trédhearcachta atá ina mbonn agus taca ag rialacha na tíre seo agus rialacha an Aontais Eorpaigh.

Baineann an tÚdarás leas as conarthaí láraithe bainistithe atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais lena n-áirítear conarthaí i gcomhair stáiseanóireachta, soláthairtí oifige, fótachóipeála, agus taisteal thar lear. Bíonn an tÚdarás i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhairle a fháil ar riachtanais soláthair anois agus amach anseo. In 2022, síníodh roinnt conarthaí i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, i gcomhréir le Plean Soláthair 2022 an Údaráis. Bhain cuid mhór de na tionscadail soláthair le linn 2022 leis an bhfeachtas caidrimh phoiblí agus cumarsáide a seoladh chun feasacht a ardú i dtaobh na seirbhísí nua a eascraíonn as an Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.

## Bainistíocht Riosca

Bíonn bainistíocht riosca éifeachtach ina taca ag an dea-rialachas. Tá próiseas réamhghníomhach bainistíochta riosca ag an Údarás mar chuid dá chreat rialachais. Is é an Bord, le tacaíocht ó CRI agus ón bhfoireann ardbhainistíochta, a thugann treoir cheannaireachta maidir le bainistíocht riosca. Faomhann an Bord creat agus beartas bainistíochta riosca an Údaráis. Fágann sé sin go bhfuil cur chuige pleanáilte, córasach á ghlacadh maidir le catagóirí éagsúla rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú: Cúrsaí Airgeadais, Comhlíonadh agus Rialachas, Gnéithe

Straitéiseacha, Gnéithe Oibríochtúla, Geallsealbhóirí agus Cáil.

Tá an Príomhoifigeach Riosca ina chomhalta den fhoireann ardbhainistíochta agus tuairiscíonn sé go díreach don Phríomhfheidhmeannach, do CRI agus don Bhord. Leagtar amach sa Chlár Rioscaí Corparáideach na mór-rioscaí atá roimh an Údarás mar aon leis na rialuithe agus na bearta atá ann cheana chun iad a mhaolú, agus sainaithnítear úinéirí agus spriocdhátaí le haghaidh críochnaithe. Déantar rioscaí a chatagóiriú mar chinn Arda, Mheánacha agus Ísle. Cuireadh tuarascáil ar na Míreanna Ardriosca ar fáil don Bhord gach mí in 2022.

## Nochtuithe Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, éascaítear d'oibrithe ábhar imní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre trí chineálacha áirithe cosanta a sholáthar dóibh ó ghníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh ina gcoinne as ucht sin a dhéanamh.

Foráiltear san Acht do mhodhanna éagsúla nochta cosanta ag brath ar na cúinsí agus tugtar cosaint i ndáil le nochtadh a dhéanann oibrithe lena n-áirítear fostaithe atá ann faoi láthair nó iarfhostaithe, conraitheoirí, comhairleoirí, oiliúnaithe, baill foirne ghníomhaireachta agus intéirnigh.

D'fhaomh an Bord beartas maidir le nochtadh cosanta ag cruinniú dá chuid i mí na Bealtaine 2017. Díríodh aird na foirne ar fad ar an mbeartas; foilsítear é i Lámhleabhar Oibríochtaí an Údaráis, agus tá faisnéis faoin mbeartas i Lámhleabhar na bhFostaithe.

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear go bhfoilseofar tuarascáil gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin. De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Údarás Uchtála na hÉireann nach bhfuarthas aon tuairiscí agus/nó go bhfuil siad faoi imscrúdú de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 i leith na bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

## Meastóireacht ar an mBord

Faoi Alt 4.6 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, tá ceanglas ar Bhoird na gcomhlachtaí Stáit go léir mheastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gcoistí. Ceanglaítear faoin gcód go ndéanfar meastóireacht sheachtrach atá comhréireach le méid agus riachtanais an chomhlachta Stáit gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an Údarás in 2020 agus tá formhór na moltaí a d'eascair ón tuarascáil sin curtha i bhfeidhm aige. Rinne an tÚdarás a fhéinmheasúnú bliantúil i leith 2022 ag tús na bliana 2023. Is in 2024 a bheidh an chéad mheastóireacht sheachtrach eile ar an mBord agus ar a Choistí le déanamh.

### Cur i bhFeidhm an Dualgais um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus an Dualgais um Chearta an Duine

Tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn leithcheal a chosc, an comhionannas a chur chun cinn, agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, úsáideoirí seirbhíse agus iad siúd go léir a bhfuil tionchar ag a gcuid beartas agus pleananna orthu. Is oibleagáid é sin a eascraíonn as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2022-2024, geallann an tÚdarás measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann lena chuspóir agus lena fheidhmeanna.



# An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Bhí sé ina thoradh ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú (2022) go ndearnadh na hathruithe ba mhó riamh ar fhórsa saothair an Údaráis ó bunaíodh é in 2010. Rinneadh athruithe móra ar struchtúr eagraíochtúil an Údaráis ag tús na bliana 2022.

Go háirithe, bunaíodh an tAonad Seirbhísí Faisnéise agus Taifead chun cabhrú le geallsealbhóirí le faisnéis agus seirbhísí iar-uchtála. Aithníodh riachtanais foirne chun tacú le pleanáil agus le cur i bhfeidhm an Achta, agus tháinig méadú mór ar fhoireann an Údaráis le linn 2022.

## Stair agus Comhthéacs an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

In 1984, bhunaigh an tAire Sláinte agus Leasa Shóisialaigh, Barry Desmond TD, coiste athbhreithnithe maidir le seirbhísí uchtála. Ar cheann de na príomh-mholtaí uaidh, moladh ceart rochtana a bheith ag daoine uchtaithe ar a ndeimhniú breithe ar an gcoinníoll go bhfaighidís comhairleoireacht sula n-eiseofaí an deimhniú.

In 2001, d'fhéach an tAire Stáit a bhí sa Roinn Sláinte agus Leanaí an tráth sin, Mary Hanafin TD, le ceannteidil Bhille a fhoilsiú maidir le scaoileadh faisnéise uchtála. Leis na ceannteidil sin, rinneadh foráil maidir le rochtain ar dheimhniú breithe faoi réir dul faoi chomhairleoireacht. Ina theannta sin, bhí ar an bhfaighteoir gealltanas a shíniú nach ndéanfadh sé nó sí iarracht teagmháil a dhéanamh leo siúd a luadh sa deimhniú breithe. Bhí pionóis choiriúla i gceist dá ndéanfaí sárú ar an gcoinníoll sin. Níor shroich an dréachtphíosa reachtaíochta sin céim an fhoilsithe riamh.

Rinne Brian Lenihan TD, agus é ina Aire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí, iarracht den sórt céanna ar reachtaíocht a rith maidir le scaoileadh faisnéise. In 2014, thionscain na Seanadóirí Averil Power, Jillian van Turnhout agus Fidelma Healy-Eames Bille Comhaltaí Príobháideacha. Faoin mBille sin, cheadófaí deimhnithe breithe a scaoileadh faoi réir seisiún faisnéise éigeantach a thionólfaí le hoibrí sóisialta sula scaoilfí an fhaisnéis, i ngach cás. Theip ar an mBille sin le lánscor an rialtais.

D'fhorbair James Reilly TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Ceannteidil an Bhille um Uchtáil (Faisnéis agus Rianú) agus chuir sé faoi bhráid an rialtais iad in 2015. Ba í Katherine Zappone TD a tháinig ina dhiaidh mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Lean sise ar aghaidh leis an obair sin agus d'fhoilsigh sí an Bille in 2016. Tugadh 'cúiseanna láidre agus an gealltanas' ar na forálacha comhardúcháin sa Bhille sin.

Bhí an tástáil 'cúiseanna láidre' le cur i bhfeidhm sa chás inar chuir tuismitheoir i gcoinne scaoileadh na faisnéise. Leis an tástáil sin, chuirfí iarratas chuig an gCúirt Chuarda lena chinneadh an raibh bagairt ar an mbeatha i gceist, rud a bheadh ina údar maith le diúltú an fhaisnéis a scaoileadh. Diúltaíodh do na forálacha sin, agus d'fhorbair agus mhol an tAire Zappone cur chuige eile i mí na Bealtaine 2019. Faoin socrú sin, rinneadh foráil maidir le cásanna inar chuir tuismitheoir i gcoinne scaoileadh faisnéise faoi nó fúithi, agus tugadh an deis don tuismitheoir agus don duine uchtaithe araon a gcás a chur in iúl don Údarás Uchtála ionas go bhféadfadh sé a bhreithiúnas a thabhairt.. Tháinig an Bille sin chomh fada le Céim an Choiste sa Seanad i mí an Mheithimh 2019 agus chuaigh sé as feidhm le lánscor an tSeanaid i mí Feabhra 2020.

I mí an Mheithimh 2022, beagnach 70 bliain ó ritheadh an tAcht Uchtála i 1953, rith an tOireachtas an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, lenar cumhdaíodh sa dlí an tábhacht a bhaineann le heolas a bheith ag duine maidir le cé hé nó hí féin, ach cothromaíocht a bhaint amach idir sin agus an ceart chun príobháideachais. Tá ról lárnach ag an Údarás Uchtála go fóill maidir leis an bpíosa cinniúnach reachtaíochta sin a chur chun feidhme.

## Amlíne maidir le Cur Chun Feidhme an Achta Um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 (AFBR)




### 11 Bealtaine 2021

D'fhoilsigh an tAire Roderic O'Gorman an dréacht-Bhille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú (BFBR).

### 15 June 2021

Tháinig Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis os comhair an Oireachtais ag an bhfíschomhdháil ionas go ndéanfadh an Comhchoiste um Leanaí, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige grinnscrúdú réamhreachtúil ar BFBR.

### 14 Nollaig 2021

D'fhoilsigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a tuarascáil ar an iniúchadh réamhreachtach ar an mBille sin.

### 12 Eanáir 2022

D'fhoilsigh an tAire Roderic O'Gorman an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.

### 22 Meitheamh 2022

Thug an píosa reachtaíochta a chéim dheireanach trí Thithe an Oireachtais agus cuireadh faoi bhráid an Uachtaráin Uí hUiginn é lena bhreithniú agus lena shíniú ina dhlí.

### 1 Iúil 2022

Achtaíodh sa deireadh an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, lenar soiléiríodh go raibh tús áite ag cearta an duine uchtaithe, beagnach 40 bliain tar éis gur tosaíodh ar na hiarrachtaí a leithéid de phíosa reachtaíochta a ullmhú, agus beagnach 70 bliain ó ritheadh an tAcht Uchtála in 1953.

Tosaíodh ag glacadh le hiarratais chuig an gClár um Shainroghanna Teagmhála (CST).

Sheol an tÚdarás feachtas faisnéise poiblí, a sheas trí mhí, lena n-áirítear leabhrán faisnéise a chur chuig gach teaghlach sa Stát agus úsáid a bhaint as líonra ambasáidí na hÉireann chun teagmháil a dhéanamh leo siúd i dtíortha eile a bhfuil tionchar ag an reachtaíocht orthu.

- Féach ar an bhfógra teilifíse anseo
- Éist leis an bPríomhfheidhmeannach ar RTÉ Drivetime

### 4 Lúnasa 2022

Thuairiscigh an tÚdarás go raibh sainroghanna teagmhála cláraithe ag beagnach 900 duine uchtaithe agus tuismitheoir breithe.

### 3 Deireadh Fómhair 2022

Thosaigh an tSeirbhís Faisnéise ag glacadh le hiarratais.

- Éist leis an bPríomhfheidhmeannach ar an Nuacht ar stáisiúin raidió RTÉ2021

### 11 Deireadh Fómhair 2022

Thuairiscigh an tÚdarás go ndearna níos mó ná 1,200 duine iarratas ar fhaisnéis bhreithe sa chéad seachtain tar éis sheoladh na seirbhísí nua.


## Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid

Faoi Alt 60 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, tugadh sainordú don Údarás feachtas faisnéise poiblí a reáchtáil chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus, go háirithe, i measc tuismitheoirí agus daoine iomchuí (lena n-áirítear tuismitheoirí agus daoine iomchuí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát) i ndáil leis na seirbhísí nua a eascraíonn as an Acht. Rinneadh plean fairsing caidrimh phoiblí agus seoladh feachtas fairsing faisnéise poiblí i mí Iúil 2022.

Toisc go mbíonn faisnéis maidir le breith agus luathshaol ag Tusla agus ag an Údarás araon, bhí gá le cur chuige comhordaithe idir RLCMLÓ, Tusla agus an tÚdarás maidir le bainistíocht faisnéise agus scaipeadh faisnéise ar an bpobal, agus ina dhiaidh sin chun cabhrú le daoine trí threoir a thabhairt maidir le conas is féidir leo teacht ar a gcuid faisnéise pearsanta ón Údarás agus Tusla.

Seoladh feachtas ilmheán ar roinnt ardáin éagsúla i mí Iúil 2022. Chonaic 3.4 milliún duine fásta feachtas teilifíse, a reáchtáladh thar thréimhse sé seachtaine. Baineadh amach an leibhéal sin de bharr roghnú cuí clár (taispeánadh fógraí saincheaptha le linn 12 de na 20 clár teilifíse arbh airde éileamh don spriocghrúpa daoine scothaosta le linn na tréimhse sin) agus am craolacháin cuí a bheith i gceist (léiríodh fógraí ar dtús, sa dara háit nó ar deireadh le linn sos fógraíochta i lár cláir agus le linn clár a craoladh le linn na buaicthréimhse ó 17:30-22:59).

Breathnaíodh ar mhír físe an fheachtais breis agus 3.7 milliún uair. Ar YouTube, chonaic breis agus 2 mhilliún duine fásta fógra amháin ar a laghad a bhain leis an Acht nua. Roinneadh an feachtas fuaime ina dhá gheábh – bhí fógra ginearálta le cloisteáil ar dtús agus bhí an dara ceann dírithe ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála. Measadh gur 980,624 duine fásta a chuala an feachtas fuaime.



Mar chuid den fheachtas mór sin, chuathas i bhfeidhm ar ghrúpaí ar leith sa phobal le póstaeir shaincheaptha. Rinneadh aonaid taispeána ar leith chun faisnéis a sholáthar go discréideach don phobal in áiteanna cosúil le leabharlanna, oifigí dochtúra nó oifigí paróiste agus ionaid phobail.

I gcomhar leis an tseirbhís phoiblíochta de chuid An Post, chuir an tÚdarás leabhrán eolais chuig gach teaghlach in Éirinn ina raibh eolas faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Ina theannta sin, scaip an tÚdarás na mílte leabhrán breise ar áiseanna eile ar fud na tíre amhail leabharlanna, tithe altranais agus oifigí rialtais, agus thar lear trí líonraí Ambasáidí. San iomlán, dáileadh 2 mhilliún leabhrán.

Idir an 4 Iúil agus an 13 Lúnasa, foilsíodh 16 fhógra in 11 nuachtán nó iris náisiúnta, chomh maith le dhá fhógra in Ireland's Own agus san Irish Catholic. Maidir leis an bpreas réigiúnach, foilsíodh 76 fógra ar fud 39 teideal clóite, agus bhí fógra saindeartha ar leathanach baile 30 suíomh gréasáin de chuid nuachtáin réigiúnacha sa tréimhse chéanna sin.

Ar deireadh, mar chuid den fheachtas fairsing sin, sheol an tÚdarás (i gcomhar le Tusla agus RLCMLÓ) www.birthinfo.ie, a bhí ina chuid ríthábhachtach den phlean caidrimh phoiblí. Chuardaigh daoine an suíomh gréasáin nua sin nó chuaigh siad chuige ó fhógraí ar na meáin shóisialta.

Thug 31,268 duine 111,428 cuairt ar birthinfo.ie in 2022. Ba as Éirinn a tháinig 87.07% de na húsáideoirí sin, bhí 6.19% acu ón Ríocht Aontaithe, 2.86% ó na Stáit Aontaithe agus 3.88% ón gcuid eile den domhan.





# Plean Straitéiseach 2022–2024

Faoi Alt 108 den Acht Uchtála, 2010, ceanglaítear ar an Údarás Plean Corparáideach/Straitéiseach trí bliana a ullmhú agus a chur isteach. I mí Feabhra 2022 sheol an tÚdarás a Phlean Straitéiseach i leith na tréimhse 2022-2024. Is é an Plean an treoirphlean don Údarás chun leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí uchtála den chaighdeán is airde is féidir in Éirinn, agus leagtar amach ann na príomhthosaíochtaí, spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha chuige sin.

Is léiriú iad na tosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse 2022-2024 a shonraítear i bhFíor 1 thíos ar thiomantas an Údaráis d'aitheantas a bhaint amach mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán. Le linn na tréimhse sin, féachfaidh an tÚdarás le feabhas a chur arís eile ar an gcumarsáid leis an bpobal agus leo siúd a bhfuil baint acu leis na próisis uchtála chun feasacht agus tuiscint níos fearr ar an uchtáil a spreagadh.

**Fíor 1: Tosaíochtaí agus Spriocanna Straitéiseacha 2022-2024**

| Tosaíochtaí | Spriocanna | | |
|---|---|---|---|
| **1.** Tugtar tús áite i gcónaí don leanbh agus ní mór féachaint dá leas i ngach cás uchtála. | **1.1.** Is é an phríomhsprioc a bhíonn le gach cás uchtála ná go dtabharfar aird ar leas an linbh/duine óig ar feadh an phróisis uchtála agus go bhfreastalófar ar an leanbh ar bhealach tráthúil, fiúntach. | | |
| **2.** Na caighdeáin is airde a bhaint amach i dtaobh seirbhísí uchtála. | **2.1** A chinntiú gur féidir le gach páirtí iomchuí a gceart chun éisteacht a fháil ar feadh an phróisis uchtála go léir agus tacú le hiarratais ar chúnamh dlíthiúil nuair a bhíonn sé sin ag teastáil ó thuismitheoirí. | **2.2** An caighdeán is airde a bhaint amach maidir le rialú agus feidhmiú na seirbhísí uchtála a sholáthraíonn an tÚdarás féin nó na gníomhaireachtaí atá creidiúnaithe ag an Údarás. | |
| **3.** An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach. | **3.1** A chinntiú go leanfar den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú a chur i bhfeidhm. | **3.2** Eagraíocht a fhorbairt atá réidh le dul in oiriúint go tapa d'athruithe ar an reachtaíocht. | |
| **4.** Ár mbaill foirne a chumasú agus oibríochtaí éifeachtacha a chur i bhfeidhm. | **4.1** Lucht saothair a fhorbairt agus a chothú a bhfuil an cumas, an acmhainn agus an tsolúbthacht acu chun a n-uaillmhianta gairme a bhaint amach, agus freastal ar an athrú a thagann ar riachtanais i réimse na huchtála. | **4.2** Struchtúr eagraíochta an Údaráis, a phróisis, agus a theicneolaíocht a fhorbairt ionas gur féidir an Plean Straitéiseach a chur i bhfeidhm. | |
| **5.** Rialachas stuama agus caidreamh tacúil le geallsealbhóirí a bhaint amach. | **5.1** Socruithe rialachais, bainistíochta riosca agus comhlíontachta a fhorbairt atá éifeachtach, cuntasach. | **5.2** Caidreamh stuama oibre agus comhar láidir le geallsealbhóirí a chothú i réimse na huchtála. | **5.3** Feabhas a chur ar an bhfeasacht agus an tuiscint ar an bpróiseas uchtála i measc geallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne. |
| **6.** Cultúr nuálaíochta a chothú | **6.1** Modhanna nuálacha a fhorbairt agus a chothú lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí uchtála a sholáthraíonn an tÚdarás, agus na gníomhaireachtaí atá creidiúnaithe ag an Údarás, ar chaighdeán den scoth. | **6.2** Cumas an Aonaid Taighde a leathnú agus a fhorbairt lena chur ar a chumas don Údarás ceannaireacht shoiléir a léiriú i dtaobh an taighde ina réimse féin. | |

## Plean Gnó 2022

Is é an Plean Straitéiseach 2022-2024 an treoir uileghabhálach don phleanáil ghnó bhliantúil ar feadh na tréimhse sin. Is ar an bPlean Straitéiseach atá príomhchodanna an Phlean Gnó do 2022 bunaithe, agus tharla roinnt gníomhaíochtaí neamhphleanáilte eile i rith na bliana freisin.

Ba bhliain í 2022 inar cuireadh dúshlán an Údaráis, ach tháinig borradh faoin eagraíocht an tráth céanna. D'fhill na fostaithe go léir ar an ionad oibre nuair a cuireadh deireadh le mórshrianta COVID-19, agus rinneadh dlí den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Chuaigh na himeachtaí sin, agus cinn eile, go mór i bhfeidhm ar obair an Údaráis i rith na bliana, agus léirigh an fhreagairt ar na hathruithe sin solúbthacht agus teacht aniar ar fud na heagraíochta.

Le linn 2022, lean an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a ghealltanais maidir le seirbhísí uchtála den scoth a sholáthar don phobal i gcónaí, agus é ag díriú go tréan ar a chuid príomhluachanna: béim ar leas an linbh, cáilíocht, cuntasacht agus meas. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar ár gcleachtais Oibre Sóisialta le cur i bhfeidhm ár gCreata Cleachtais um Obair Shóisialta. Coinneofar leis an obair sin in 2023.

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar shlándáil faisnéise, agus aimsíodh roinnt réimsí ina bhféadfaí cúrsaí slándála a fheabhsú. Déanfar an obair sin le linn 2023.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar lenár rannóg líne chomh maith le príomhgheallsealbhóirí le linn 2022 ar roinnt tionscnamh, go háirithe feidhmiú an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 agus an feachtas cumarsáide agus meáin ina leith sin, a bhí faoi stiúir an Údaráis.

Leanadh leis an digitiú ar thaifid uchtála an Údaráis agus rinneadh obair mhór ar chóras bainistíochta doiciméad na heagraíochta. Leagfar béim ar an obair sin in 2023 agus níos faide anonn.

Leagadh béim mhór in 2022 freisin ar dhearadh agus cur i bhfeidhm an Chláir um Shainroghanna Teagmhála.

Tugadh chun críche tionscnaimh mhóra earcaíochta agus athstruchtúrú ar an eagraíocht le linn 2022 mar fhreagra ar chur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú. Iarradh cead ar an rannóg líne roinnt poist nua a fhógairt agus tugadh an cead sin.

Bhí folláine na mball foirne ina príomhchuspóir againn in 2022. Bunaíodh coiste folláine agus eagraíodh roinnt tionscnaimh folláine.

In 2022, d'fhoilsigh an tÚdarás an tríú agus an ceathrú tuarascáil as an tsraith cúig cinn maidir le hUchtáil Idir Tíortha, agus bhunaigh sé feachtas earcaíochta le haghaidh staidéar nua chun doiciméadú a dhéanamh ar an eispéireas a bhí ag daoine sa tír seo i ndáil le huchtáil idir tíortha. Chríochnaigh an tÚdarás a bhailiúchán sonraí agus a anailís le haghaidh staidéar a dhéanamh ar phróiseas uchtála baile na hÉireann, agus d'fhreastail sé ar iarratais éagsúla ar thaighde mear ó Phríomhfheidhmeannach agus Bord an Údaráis.

Tá an tÚdarás fós ag forbairt agus ag cur chun cinn a leabharlainne féin, agus ag féachaint chuige gur fearr an úsáid a bheidh na baill foirne in ann a bhaint aisti. Chuir an tÚdarás taighde i láthair ag dhá chomhdháil Éireannacha, agus lean an tOifigeach Taighde lena ról mar Chathaoirleach ar Líonra Taighde Uchtála na hÉireann.

Dréachtaíodh Straitéis Taighde nua trí bliana i leith na tréimhse 2023-2026 agus comhaontaíodh í le linn 2022 freisin.

Rinneadh athbhreithniú tréimhsiúil ar Phlean Gnó 2022 agus tugadh cothrom le dáta é de réir mar ba ghá. Cuireadh athbhreithnithe agus nuashonruithe ar an bPlean Gnó faoi bhráid RLCMLÓ ar bhonn ráithiúil in 2022, ag teacht le Comhaontú Feidhmíochta an Údaráis lena rannóg líne.

## Imeachtaí agus Taisteal 2022

In 2022, tar éis tréimhse dhá bhliain inar reáchtáladh físchomhdhálacha mar gheall ar an bpaindéim, d'fhill an tÚdarás, mar aon leis an gcuid eile den domhan, ar chruinnithe aghaidh ar aghaidh.

Ar an 12 Aibreán, d'óstáil an tÚdarás imeacht ag ar seoladh leabhar nua leis an iarChathaoirleach, an Dr Geoffrey Shannon, Child and Family Law, Third Edition. Ba é an tArd-Aighne Paul Gallagher, Abhcóide Sinsireach, an t-aoichainteoir.

Rinne bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha ionadaíocht ar an Údarás ag dhá chruinniú den Líonra Uchtála Idir Tíortha (ICAN), ag a raibh daoine i láthair ó gach Údarás Lárnach Eorpach agus ó aoi-thíortha: an 19-20 Bealtaine sa Róimh agus an 23-25 Samhain i Maidrid.

Reáchtáladh comhdháil idirnáisiúnta na Háige ar an gCoinbhinsiún Uchtála, a bhíonn ar siúl gach cúig bliana ach nár tharla in 2020 mar gheall ar COVID-19, i bhformáid chianda ar an 4-8 Iúil.

D'fhreastail Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis agus bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha ar an gCúigiú Cruinniú den Choimisiún Speisialta ar Choinbhinsiún Uchtála 1993 ar Zoom, mar aon leis na hÚdaráis Lárnacha a ainmníodh faoi Choinbhinsiún Uchtála 1993 agus ionadaithe ó gach sínitheoir rialtais, agus eagraíochtaí Breathnóireachta.

Thaistil an Príomh-Oibrí Sóisialta agus bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha go Cóbanhávan i gcomhair Chomhdháil Euradopt ar an 1 agus 2 Meán Fómhair. Bhí trí chuid ag an gcomhdháil, dar teideal *Sustainability of Intercountry Adoption from Different Perspectives:* Meastóireacht ar Uchtáil Idir Tíortha mar Bheart um Chosaint Leanaí, Comhar agus Inbhuanaitheacht san Uchtáil Idir Tíortha agus Seirbhísí Iar-Uchtála.

Ghlac Príomhfheidhmeannach an Údaráis le cuireadh chun labhairt faoin Údarás ag seimineár de chuid Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann ar an 17 Samhain 2022, agus rinne sé cur i láthair, 'Irish Legal and Medical Challenges in Intercountry and Domestic Adoptions', do Chumann Dlí-Liachta na hÉireann.



# Oibríochtaí Uchtála




Rinne an tÚdarás athstruchtúrú ar a fhoirne oibriúcháin sular achtaíodh an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú. Bunaíodh Aonad nua chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta nua sin. Mar thoradh ar an athstruchtúrú seo, tá Príomhoifigeach ar leithligh i mbun maoirsiú ar oibríochtaí uchtála baile agus idir tíortha, agus tá an té sin ina Rúnaí Boird freisin.

## Uchtáil Bhaile

### Struchtúr

I rith 2022, bhí Oifigeach Riaracháin amháin, beirt Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais amháin ar an bhFoireann Uchtála Baile.

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

*Dearbhuithe Cáilitheachta agus Oiriúnachta*

I ngach cás uchtála, ní mór Dearbhú Cáilitheachta agus Oiriúnachta bailí a bheith ag na hiarratasóirí.

San iomlán, deonaíodh 100 Dearbhú Cáilitheachta agus Oiriúnachta in 2022, sin laghdú 21 ón mbliain roimhe sin. Cuireadh síneadh ama le naoi nDearbhú in 2022, sin laghdú 10 gcinn ón mbliain roimhe sin. I bhformhór na gcásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de thrí nó ceithre seachtaine ó fuarthas an t-iarratas.


As measc na nDearbhuithe a deonaíodh, deonaíodh 84 i leith daoine pósta nó lánúineacha, 11 i leith daoine nó lánúineacha a chónaíonn in aontíos, dhá cheann i leith páirtnéireachtaí sibhialta, agus trí cinn i leith iarratasóirí singile.

*Orduithe Uchtála*

Fuair an tÚdarás 110 iarratas uchtála in 2022, agus deonaíodh 102 Ordú Uchtála i rith na bliana. Is méadú beag é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, inar deonaíodh 101.


Formhór na n-orduithe a deonaíodh, bhain siad le huchtáil i gcás leastuismitheora – 60 cás san iomlán a bhí i gceist ansin. Rinneadh 30 ordú uchtála i leith leanaí a bhí faoi chúram altrama fadtéarmach in 2022. Maidir leis an gcuid eile, bhain 10 gcinn le naíonán arna suíomh lena n-uchtáil díreach tar éis a mbreithe, agus dhá chás de leanaí a raibh cónaí orthu le daoine den mhórtheaghlach.

**Fíor 2:** *Orduithe Uchtála a Deonaíodh in 2022*




Ní féidir Orduithe Uchtála a dheonú nuair a shlánaíonn leanbh 18 mbliana d'aois toisc go meastar faoin dlí gur duine fásta é nó í ansin. As 102 ordú uchtála a deonaíodh in 2022, bhí 36 cás ann ina raibh an leanbh 17 mbliana d'aois; 33 cás ina raibh sé nó sí idir 12 agus 16 bliana d'aois, 23 cás ina raibh sé nó sí idir seacht agus 11 bhliain d'aois, agus 10 gcás ina raibh sé nó sí idir aon bhliain agus sé bliana d'aois.

**Fíor 3:** *Uchtálacha Baile de réir Aois an Linbh, a deonaíodh in 2022*




Rinne seirbhísí uchtála Tusla formhór na n-iarratas a mheasúnú agus a éascú. I gcás ceithre iarratas, ba é an ghníomhaireacht chreidiúnaithe PACT a rinne na measúnuithe a éascú.

Faoin Acht Uchtála, 2010, tá oibleagáid ar an Údarás ordú Ard-Chúirte a fháil sular féidir dul ar aghaidh le cásanna áirithe uchtála.


Ní mór don Údarás iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ag iarraidh fógra don athair breithe agus comhairliúchán leis a ligean thar ceal sna cásanna seo a leanas:

- An cás nach eol don Údarás cé hé an t-athair breithe, nó
- An cás nach raibh an tÚdarás in ann an t-athair breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis, nó
- An cás inarb amhlaidh, mar gheall ar chineál an chaidrimh idir an mháthair bhreithe agus an t-athair, nár chuí fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis.

In 2022, rinneadh 24 iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 30 den Acht ionas go bhféadfaí dul ar aghaidh le hiarratas uchtála gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Deonaíodh gach ceann de na 24 iarratas.

As na hiarratais sin, rinne an Ard-Chúirt 11 ordú i gcúinsí inar measadh go raibh sé míchuí, nó nárbh fhéidir, fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis. Rinneadh na 13 ordú eile i gcásanna nárbh eol cérbh é an t-athair breithe.

**Fíor 4:** *Iarratais chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 30 den Acht*




Ionas gur féidir leis an Údarás ordú uchtála a dhéanamh, ní mór do Tusla (nó i gcásanna áirithe, na hiarratasóirí) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 54 sna cásanna

- I gcás nach bhfuil toiliú tuismitheora le fáil,
- I gcás ina bhfuil fadhb ann maidir leis na cúinsí a bhaineann le socrúchán an linbh leis na tuismitheoirí uchtála ionchasacha,

agus inar féidir a léiriú gur theip ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí ina ndualgas i leith a linbh agus gur chun leas an linbh atá sé é nó í an uchtáil.

In 2022, rinneadh 18 n-iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 54 den Acht. Deonaíodh gach ceann de na 18 n-iarratas sin in 2022. Sna cásanna sin go léir, níorbh fhéidir toiliú na máthar breithe ná an chaomhnóra a fháil.

In 2022, rinneadh iarratas amháin chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 18 den Acht. Éilítear é sin sa chás nach féidir dul i gcomhairle leis an athair breithe maidir lena leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil go luath i ndiaidh na breithe. Sa chás sin, níorbh eol cérbh é an t-athair agus deonaíodh an t-ordú.

Féach ar an rannán staitisticí le haghaidh tuilleadh faisnéise.

## Uchtáil Idir Tíortha

### Struchtúr


I rith 2022, bhí an Fhoireann Uchtála Idir Tíortha comhdhéanta d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin, Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus Oifigeach Cléireachais amháin.

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

*Dearbhuithe Cáilitheachta agus Oiriúnachta*

Dheonaigh an tÚdarás 28 Dearbhú Cáilitheachta agus Oiriúnachta in 2022 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh leanbh a uchtáil ó thar lear agus chuir sé síneadh bliana le 17 nDearbhú a bhí deonaithe cheana (Fíor 5).

**Fíor 5:** *Dearbhuithe Cáilitheachta agus Oiriúnachta a deonaíodh in 2022*




*Clár na nUchtálacha idir Tíortha*


In 2022, rinneadh 170 iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha ar bhun iarratais ar uchtálacha a aithint. As an líon sin, bhí 152 iarratas ar uchtálacha a aithint ar cinn iad a rinneadh lasmuigh d'Éirinn ag duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta lasmuigh den Stát (Fíor 6).

*Meaitseáil Leanaí*

Bíonn oibrithe sóisialta ag obair i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin agus le comhairleoir leighis, chun comhairle a thabhairt maidir le riachtanais leanaí a mheaitseáil le cumas na dtuismitheoirí uchtála ionchasacha. In 2022, atreoraíodh 17 leanbh go hÉirinn ó thíortha eile. Déanann foireann ildisciplíneach an Údaráis athbhreithniú ar gach cás dá leithéid.


Ar an bhFoireann sin tá an Príomhoibrí Sóisialta, an Comhairleoir Leighis agus Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha.

I mbliana, bhain 18 n-iontráil le huchtáil leanaí idir tíortha go hÉirinn ag daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát (Fíor 7).




**Fíor 6:** *Uchtálacha idir tíortha a aithníodh in 2022 i gcás inarbh iad daoine ar a bhfuil cónaí rialta lasmuigh den Stát a rinne an uchtáil*

**Fíor 7:** *Iontrálacha a cuireadh le Clár na nUchtálacha Idir Tíortha le haghaidh uchtálacha isteach chuig Éirinn in 2022*




### Clár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha

I gcás daoine a bhfuil Deimhniú bailí um Aithint Inscne acu arna eisiúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil a n-uchtáil cláraithe i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar iontráil sa Chlár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha.

Ba chóir iarratais a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás agus ba chóir na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil leo:

- An bhunchóip den Deimhniú um Aithint Inscne a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Cóip den litir fógra ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bhí ag gabháil leis an Deimhniú um Aithint Inscne;
- Cóip den iontráil i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha (má tá sí ar fáil).

Rinneadh trí iontráil sa Chlár in 2022.

#### *Údarás Lárnach faoi Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i Leith Uchtáil idir Tíortha*

Tá an tÚdarás Uchtála ainmnithe mar Údarás Lárnach faoin Acht Uchtála, 2010. Ina ról mar Údarás Lárnach, tá Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha ina chomhalta de mheitheal na Háige i ndáil le hAghaidh a thabhairt ar Chleachtais Aindleathacha in Uchtálacha Idir Tíortha agus iad a Chosc. Ina theannta sin, d'fhreastail an Bainisteoir ar an gcúigiú cruinniú den Choimisiún Speisialta ar fheidhmiú praiticiúil Choinbhinsiún 1993.

Féach ar an rannán staitisticí le haghaidh tuilleadh faisnéise.



# Seirbhísí Faisnéise agus Taifid

# Príomhphointí

Idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2022 fuair an tÚdarás 2,570 iarratas ar scaoileadh faisnéise

Ba ó Dhaoine Iomchuí a tháinig 95% de na hiarratais ar scaoileadh faisnéise

Seiceáladh Clár um Shainroghanna Teagmhála i gcomhair sainrogha teagmhála tuismitheora 1,117 uair in 2022

Reáchtáladh 11 seisiún faisnéise le hiarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois chun faisnéis a chur ar fáil faoi Chuid 2 den Acht

Rinneadh 53 ítim arna soláthar a thaisceadh leis an Údarás in 2022

Fuarthas 73 Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí

Bunaíodh Foirne nua in 2022 a bhíonn ag plé le Réitigh Dhigiteacha agus leis an gCartlann

In 2022 bunaíodh Aonad nua um Sheirbhísí Faisnéise agus Taifead chun ullmhú i gcomhair chur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Bhí an tAonad nua sin ríthábhachtach ionas go n-éireodh go geal le cur i bhfeidhm na seirbhíse Faisnéise Breithe agus Rianaithe le linn 2022. Tá an tAonad á mhaoirsiú ag Príomhoifigeach atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann le Taifid, Cosaint Sonraí, Réitigh Dhigiteacha, Cartlanna agus Saoráil Faisnéise.

## Taifid

### Struchtúr

Ag tús 2022, sular achtaíodh an reachtaíocht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, cúigear ball foirne a bhí san fhoireann Taifead. I mí Aibreáin 2022, fuair an tÚdarás faomhadh ó Rannóg na nAcmhainní Daonna Seachtracha in RLCMLÓ, an rannóg líne dá bhfuil an tÚdarás cuntasach, chun naonúr eile a earcú don Aonad Taifead.

Cuireadh fáilte roimh na baill foirne nua sin idir Bealtaine agus Lúnasa 2022. I mí na Samhna 2022, d'fhaomh an tÚdarás go n-aistreofaí triúr ball foirne breise chuig an bhFoireann Taifead ó réimse gnó eile san Údarás chun iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar an moill maidir le próiseáil a dhéanamh ar iarratais faoi Chuid 2-4 d'Acht na bliana 2022.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí Príomhoifigeach Cúnta amháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin, beirt Oifigeach Feidhmiúcháin, ceathrar Oifigeach Cléireachais, beirt Oifigeach Feidhmiúcháin Shealadacha agus triúr Oifigeach Cléireachais Shealadacha ar an bhfoireann taifead.

### Scaoileadh Faisnéise faoi Chodanna 2-4 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022


*Líon na nIarratas*

Idir thosach feidhme Chuid 2-4 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 ar an 3 Deireadh Fómhair 2022 agus deireadh na bliana, fuair an tÚdarás 2,570 iarratas ar scaoileadh faisnéise: 2,053 iarratas i mí Dheireadh Fómhair, 368 i mí na Samhna agus 149 i mí na Nollag 2022. Féach Fíor 8 thíos.

*An Áit óna bhfuarthas Iarratais*

Fuarthas 2,272 iarratas san iomlán ó Phoblacht na hÉireann. Tháinig an líon is mó ó Chontae Bhaile Átha Cliath agus an líon is lú ó Chontae Liatroma. Is ionann iadsan agus 88.4% de na hiarratais go léir. I gcomhair miondealú de réir contae, féach Fíor 9.


**Fíor 8:** *Líon na n-iarratas ar scaoileadh faisnéise*



*An Áit óna bhfuarthas Iarratais*

Fuarthas 2,272 iarratas san iomlán ó Phoblacht na hÉireann. Tháinig an líon is mó ó Chontae Bhaile Átha Cliath agus an líon is lú ó Chontae Liatroma. Is ionann iadsan agus 88.4% de na hiarratais go léir.


**Fíor 9:** *An Áit óna bhfuarthas Iarratais*




| ÉIRE – CONTAE | Líon na nIarratas |
|---|---|
| CEATHARLACH | 30 |
| AN CABHÁN | 24 |
| AN CLÁR | 45 |
| CORCAIGH | 315 |
| DÚN NA nGALL | 37 |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 784 |
| GAILLIMH | 87 |
| CIARRAÍ | 60 |
| CILL DARA | 103 |
| CILL CHAINNIGH | 29 |
| LAOIS | 37 |
| LIATROM | 11 |
| LUIMNEACH | 69 |
| AN LONGFORT | 12 |
| LÚ | 60 |
| MAIGH EO | 41 |
| AN MHÍ | 114 |
| MUINEACHÁN | 19 |
| UÍBH FHAILÍ | 32 |
| ROS COMÁIN | 24 |
| SLIGEACH | 30 |
| TIOBRAID ÁRANN | 47 |
| PORT LÁIRGE | 47 |
| AN IARMHÍ | 39 |
| LOCH GARMAN | 70 |
| CILL MHANTÁIN | 106 |
| **IOMLÁN** | **2272** |

Is í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile is suntasaí maidir le hiarratais a fuarthas. Tá miondealú ar fhigiúirí ón Ríocht Aontaithe, idir Shasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus chontaetha aonair Thuaisceart Éireann le feiceáil i bhFíor 10. Is ionann iadsan agus 5.6% de na hiarratais go léir.


**Fíor 10:** *An áit ónar tháinig iarratais ar fud na Ríochta Aontaithe*




| AN RÍOCHT AONTAITHE | Líon na nIarratas |
|---|---|
| AONTROIM | 4 |
| ARD MHACHA | 0 |
| DOIRE | 10 |
| AN DÚN | 6 |
| FEAR MANACH | 3 |
| TÍR EOGHAIN | 2 |
| **TUAISCEART ÉIREANN – FOIOMLÁN** | **25** |
| | |
| SASANA | 102 |
| ALBAIN | 8 |
| AN BHREATAIN BHEAG | 8 |
| **AN BHREATAIN MHÓR – FOIOMLÁN** | **118** |
| | |
| **IOMLÁN** | **143** |

Ba ó 24 dlínse éagsúla a tháinig an chuid eile de hiarratais seachas iadsan ó Éirinn nó ón Ríocht Aontaithe. Is ionann iadsan agus 6% de na hiarratais go léir. Tá miondealú ar na hiontrálacha ó na dlínsí sin le feiceáil i dTábla 1.

**Tábla 1:** *An áit ónar tháinig iarratais ó lasmuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe*



| Dlínse | Líon na nIarratas |
|---|---|
| AN ASTRÁIL | 31 |
| AN OSTAIR | 2 |
| CEANADA | 4 |
| AN CHIPIR | 1 |
| POBLACHT NA SEICE | 1 |
| AN FHRAINC | 5 |
| AN GHEARMÁIN | 10 |
| AN GHRÉIG | 1 |
| SAR HONG CONG | 1 |
| AN IODÁIL | 1 |
| IAMÁICE | 1 |
| AN tSEAPÁIN | 2 |
| AN ÍSILTÍR | 1 |
| AN NUA-SHÉALAINN | 5 |

| Dlínse | Líon na nIarratas |
|---|---|
| NÍOR TUGADH SEOLADH* | 2 |
| AN IORUA | 2 |
| AN PHOLAINN | 1 |
| AN SPÁINN | 6 |
| AN tSUALAINN | 1 |
| AN EILVÉIS | 1 |
| AN ÍSILTÍR | 7 |
| AN TUIRC | 1 |
| AONTAS NA nÉIMÍRÍOCHTAÍ ARABACHA | 1 |
| NA STÁIT AONTAITHE | 67 |
| **IOMLÁN** | **155** |

**Níor chuir na hiarratasóirí seoltaí poist ar fáil – níor thug siad ach seoltaí ríomhphoist nó thug siad seoladh dlúthchara leo seachas a seoladh féin*

*Catagóir Iarratasóirí*

Féach Tábla 2 thíos le haghaidh miondealú ar iarratais de réir catagóire.

**Tábla 2:** *Miondealú ar chatagóir na n-iarratas*

| Catagóir | Sainmhínithe | Líon na nIarratas |
|---|---|---|
| **Duine Iomchuí** | • duine uchtaithe;<br>• duine a ndearnadh clárú mícheart ar a bhreith nó a breith, nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici lena cheapadh go ndearnadh amhlaidh*; nó<br>• duine a bhí, nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici le bheith in amhras go raibh sé nó sí, tráth ar bith sa tréimhse tar éis a bhreithe nó a breithe agus dar críoch an dáta a slánóidh sé nó sí 18 mbliana d'aois;<br>  ◦ ina chónaí nó ina cónaí in institiúid a shonraítear i Sceideal an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, nó<br>  ◦ faoi réir socrú altranais nó socrú iostais | 2432 |
| **Duine Cáilitheach** | Tugtar 'duine cáilitheach' ar mhac nó iníon le duine iomchuí. | 77 |
| **Gaol Cáilitheach** | Tugtar 'gaol cáilitheach' ar neasghaol duine iomchuí faoin Acht agus féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis más rud é go bhfuair an duine iomchuí bás agus é nó í ina leanbh in institiúid.<br><br>Chun críocha iarratais, is féidir ceann amháin díobh seo a leanas a bheith i gceist le 'neasghaol':<br><br>• máthair nó athair duine iomchuí éagtha.<br>• deartháir (deartháireacha) nó deirfiúr (deirfiúracha) leis an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí an duine iomchuí éagtha; uncail nó aintín leis an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí agus deartháireacha agus deirfiúracha an duine iomchuí (más ann dóibh) éagtha<br>• neacht (neachtanna) nó nia (nianna) an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha agus aintíní agus uncailí an duine iomchuí (más ann dóibh) éagtha, | 44 |
| **IOMLÁN** | | **2553** |
| ***Dúirt 72 iarratasóir sa chatagóir Daoine Iomchuí go ndearnadh clárú mícheart ar a mbreith, nó go raibh forais réasúnacha ann lena cheapadh go ndearnadh amhlaidh.** | | |

### Formáid na faisnéise a iarradh

San iomlán, d'iarr 855 duine (33%) a gcuid faisnéise a fháil trí chóip chrua a chuir ar an bpost chuig a seoladh agus d'iarr 1,715 duine (67%) go seolfaí a gcuid faisnéise chucu ar an ríomhphost.

### Seiceáil an Chláir um Shainroghanna Teagmhála le haghaidh Sainrogha Theagmhála tuismitheora faoi Ailt 7(1), 8(2), 9(4), agus 10(4) den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 agus Alt 2.3.2.5 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 – Treoirlínte Beartais

Rinne an tÚdarás sainrogha tuismitheora a sheiceáil ar an gClár 1,117 uair in 2022. Bhain 460 díobh sin le scaoileadh taifead a dhéanfadh an tÚdarás féin, agus bhain 657 le scaoileadh faisnéise a dhéanfadh Tusla. Rinne Tusla gach iarraidh an Clár um Shainroghanna Teagmhála a sheiceáil laistigh den tréimhse ama éigeantach, trí lá oibre.

### Scaoileadh Faisnéise Míochaine Géinití faoi Alt 16 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

San iomlán, d'ainmnigh 1,371 iarratasóir lia-chleachtóir ina n-iarratas ar fhaisnéis mhíochaine ghéiniteach duine iomchuí a roinnt. Dúirt naonúr iarratasóir nach raibh lia-chleachtóir acu faoi láthair, agus dhiúltaigh 11 duine lia-chleachtóir a ainmniú.

### Scaoileadh Faisnéise Míochaine Géinití faoi Alt 17 (2) den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

I gcás ina ndéantar rogha 'gan teagmháil' a thaifead i leith iontráil tuismitheora breithe ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála, ceanglaítear ar an Údarás seisiún faisnéise a chuir ar bun ina gcuirtear in iúl an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 den phrótacal, le haon iarratasóir atá ag iarraidh Deimhniú Breithe, Faisnéis Bhreithe, Faisnéis Luathsaoil, Faisnéis

Chúraim, Faisnéis Leighis nó Ítimí arna Soláthar faoi Acht na bliana 2022.

Reáchtáladh 11 seisiún faisnéise le hiarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois chun faisnéis a chur ar fáil faoi Chuid 2 d'Acht na bliana 2022. Reáchtáladh an chéad seisiún ar an 11 Samhain 2022 agus an ceann deireanach ar an 22 Nollaig 2022. Níor dhiúltaigh iarratasóirí d'aon seisiún faisnéise. Reáchtáladh gach ceann de na 11 seisiún faisnéise trí ghlao gutháin le duine ainmnithe, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bprótacal. I bhformhór mór na gcásanna, ní raibh gá ach le teagmháil amháin chun socrú a dhéanamh maidir le seisiún faisnéise. Sa chás amháin eile, b'éigean teagmháil a dhéanamh le duine den dara huair chun dáta a shocrú leis an iarratasóir i gcomhair an tseisiúin faisnéise. Bhain sé cinn de na hiarratais le scaoileadh faisnéise a bhí ag an Údarás, agus bhain na cúig cinn eile le scaoileadh faisnéise a bhí ag Tusla.

### Scaoileadh Faisnéise faoi Alt 19(7) den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Cuireadh i gcrích 460 iarratas san iomlán agus scaoileadh faisnéis do na hiarratasóirí faoin 31 Nollaig 2022. Admhaíodh go bhfuarthas gach iarratas laistigh den tréimhse éigeantach cúig lá atá leagtha síos. San iomlán, chuir Príomhfheidhmeannach an Údaráis in iúl do 1,810 iarratasóir faoin 9 Nollaig 2022 go dtógfadh scaoileadh a dtaifead suas le 90 lá, an teorainn reachtúil, nó go bhféadfadh sé níos faide a thógáil.

**Tábla 3:** *Faisnéis a scaoileadh d'iarratasóirí*

| | Taifid a scaoileadh laistigh de mhí amháin | Taifid a scaoileadh laistigh de thrí mhí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|
| Duine Iomchuí | 34 | 386 | 420 |
| Duine Cáilitheach | 0 | 26 | 26 |
| Gaol Cáilitheach | 0 | 4 | 4 |
| **IOMLÁN** | **34** | **416** | **460** |

### Athbhreithnithe faoi Alt 2.7 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 – Treoirlínte Beartais

Cheap an tÚdarás Oifigeach Athbhreithnithe chun críocha Alt 2.7 de na Treoirlínte Beartais ar an 1 Nollaig 2022. Fuair an tÚdarás deich n-iarratas ar athbhreithniú idir an 7 Samhain 2022 agus an 29 Nollaig 2022.

### An Clár um Shainroghanna Teagmhála faoi Chuid 6 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Ar an 1 Iúil 2022, tháinig an Clár um Shainroghanna Teagmhála i bhfeidhm ar bhonn reachtúil faoi Chuid 6 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Tháinig sé in ionad an Chláir Náisiúnta um Shainroghanna Teagmhála Uchtála (NACPR), clár deonach neamhreachtúil a bhunaigh an tÚdarás in 2005.

Is í príomhfheidhm an Chláir nua teagmháil a chumasú idir baill teaghlaigh a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu. Is bealach é freisin chun sainrogha teagmhála a shonrú, agus iarraidh ar phríobháideachas san áireamh. Tá an rogha ag iarratasóirí faisnéis a roinnt a d'fhéadfadh cuidiú le duine muinteartha leo, ar nós faisnéis leighis nó faisnéis faoi chúlra.

Is féidir le hiarratasóirí ar an gClár ítim (litir, grianghraf etc.) a thaisceadh do dhuine sonraithe, a thabharfar don duine sonraithe má chuireann an té sin a ainm nó a hainm leis an gClár nó má tá an t-ainm sin air cheana.

Rinneadh 134 iontráil ar an gClár Náisiúnta um Shainroghanna Teagmhála Uchtála (NACPR) ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022. Aistríodh na hiontrálacha agus na sainroghanna ar an gClár sin chuig an gClár um Shainroghanna Teagmhála faoi Alt 41(1) d'Acht na bliana 2022 agus scriosadh NACPR de réir Alt 42(3) d'Acht na bliana 2022.

### Líon na nIarratas ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála

Idir thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 ar an 1 Iúil 2022 agus deireadh na bliana, fuair an tÚdarás 2,563 iarratas ó dhaoine a uchtaíodh, 158 iarratas ó thuismitheoirí agus 253 iarratas ó ghaolta eile ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb éard a bhí i gcuid acu sin nuashonruithe ar iontrálacha a bhí ar NACPR cheana, e.g. sonraí teagmhála a athrú agus sainroghanna teagmhála a thabhairt cothrom le dáta, etc.


**Tábla 4:** *Catagóir na gCláraithe*

| Catagóir an Chláraí | Líon na gcláraithe de réir Cineáil |
|---|---|
| Duine uchtaithe | 11,246 |
| Tuismitheoir Uchtála | 1 |
| Aintín nó Uncail | 347 |
| Athair Breithe | 506 |
| Máthair Bhreithe | 2675 |
| Col Ceathrar | 181 |
| Cara | 3 |
| Seantuismitheoir/ Garphháiste | 177 |
| Neacht/Nia | 37 |
| Eile | 71 |
| Deirfiúr nó Deartháir | 960 |
| Ní fios | 13 |
| **IOMLÁN** | **16,217** |

*An áit a bhfuil na daoine atá ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála*

Tá na hiontrálacha sa Chlár, tháinig 13,980 iarratas san iomlán ó Phoblacht na hÉireann. Tháinig an líon is mó ó Chontae Bhaile Átha Cliath agus an líon is lú ó Chontae Liatroma. Is ionann iadsan agus 86% de na hiontrálacha go léir. I gcomhair miondealú de réir contae, féach Fíor 11.

**Fíor 11:** *An áit a bhfuil na daoine atá ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála*





| ÉIRE – CONTAE | Líon na nIontrálacha |
|---|---|
| CEATHARLACH | 172 |
| AN CABHÁN | 162 |
| AN CLÁR | 316 |
| CORCAIGH | 1948 |
| DÚN NA nGALL | 280 |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 4413 |
| GAILLIMH | 626 |
| CIARRAÍ | 407 |
| CILL DARA | 621 |
| CILL CHAINNIGH | 242 |
| LAOIS | 190 |
| LIATROM | 73 |
| LUIMNEACH | 478 |
| AN LONGFORT | 100 |
| LÚ | 367 |
| MAIGH EO | 270 |
| AN MHÍ | 587 |
| MUINEACHÁN | 131 |
| UÍBH FHAILÍ | 205 |
| ROS COMÁIN | 155 |
| SLIGEACH | 185 |
| TIOBRAID ÁRANN | 371 |
| PORT LÁIRGE | 385 |
| AN IARMHÍ | 242 |
| LOCH GARMAN | 464 |
| CILL MHANTÁIN | 590 |
| **IOMLÁN** | **13,980** |

Is í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile is suntasaí maidir le hiontrálacha ar an gclár. Tá miondealú ar fhigiúirí ón Ríocht Aontaithe, idir Shasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus chontaetha aonair Thuaisceart Éireann le feiceáil i bhFíor 12. Is ionann iadsan agus 6.6% de na hiontrálacha go léir.


**Fíor 12:** *An áit a bhfuil na daoine ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála ar fud na Ríochta Aontaithe*

| AN RÍOCHT AONTAITHE | Líon na nIarratas |
|---|---|
| AONTROIM | 28 |
| ARD MHACHA | 13 |
| DOIRE | 26 |
| AN DÚN | 51 |
| FEAR MANACH | 12 |
| TÍR EOGHAIN | 20 |
| **TUAISCEART ÉIREANN – FOIOMLÁN** | **150** |
| | |
| SASANA | 847 |
| ALBAIN | 47 |
| AN BHREATAIN BHEAG | 33 |
| **AN BHREATAIN MHÓR – FOIOMLÁN** | **927** |
| | |
| **IOMLÁN** | **1077** |



Tháinig an chuid eile de na hiontrálacha, seachas iadsan ó Éirinn nó ón Ríocht Aontaithe, ó 42 dlínse éagsúla. Is ionann iadsan agus 7.4% de na hiontrálacha go léir. Tá miondealú ar na hiontrálacha ó na dlínsí sin le feiceáil i dTábla 5.

**Tábla 5:** *An áit a bhfuil na daoine ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála lasmuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe*



| Dlínse | Líon na nIarratas |
|---|---|
| An Astráil | 193 |
| An Ostair | 5 |
| An Bheilg | 12 |
| Beirmiúda | 1 |
| An Chambóid | 1 |
| Ceanada | 77 |
| An tSín | 1 |
| An Chipir | 1 |
| Poblacht na Seice | 2 |
| An Danmhairg | 7 |
| An Fhrainc | 44 |
| An Ghearmáin | 45 |
| An Ghréig | 1 |
| SAR Hong Cong | 1 |
| An Íoslainn | 1 |
| An Iodáil | 13 |
| Iamáice | 1 |
| An tSeapáin | 3 |
| Lucsamburg | 3 |
| An Mhalaeisia | 1 |
| Málta | 1 |
| An Ísiltír | 27 |
| An Nua-Shéalainn | 25 |
| An Nigéir | 1 |
| NÍOR TUGADH SEOLADH* | 223 |
| An Iorua | 5 |

| Dlínse | Líon na nIarratas |
|---|---|
| Na hOileáin Filipíneacha | 1 |
| An Phortaingéil | 1 |
| An Rúis | 1 |
| San Mairíne | 1 |
| Singeapór | 1 |
| An tSlóvaic | 1 |
| An Afraic Theas | 3 |
| An Spáinn | 25 |
| An tSualainn | 6 |
| An Eilvéis | 7 |
| An Téaváin | 1 |
| An Téalainn | 2 |
| Oileán na Tríonóide agus Tobága | 1 |
| An Tuirc | 1 |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 9 |
| Na Stáit Aontaithe | 471 |
| IOMLÁN | 1227 |

**Níor chuir na hiarratasóirí seoltaí poist ar fáil – níor thug siad ach seoltaí ríomhphoist nó thug siad seoladh dlúthchara leo seachas a gcuid seoltaí féin*

## *Taisceadh faisnéise agus Ítimí faoi Alt 39 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022*

*San iomlán, rinneadh 53 ítim arna soláthar a thaisceadh leis an Údarás in 2022.*

## Cosaint Sonraí

### Struchtúr

I rith 2022, bhí an Fhoireann Cosanta Sonraí comhdhéanta d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin agus Oifigeach Cléireachais amháin.

Iarrataí ar Rochtain ó Ábhair Sonraí

In 2022, fuair an tÚdarás líon ard Iarrataí ar Rochtain ó Ábhair Sonraí Fuarthas 73 iarraidh, sin laghdú 25% ar an mbliain roimhe sin (97).

Chuir roinnt tosca le líon ard na n-iarratas, mar shampla

- An feachtas reachtúil poiblíochta a leagadh síos faoi Alt 60 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022; agus
- Tosach feidhme an Chláir um Shainroghanna Teagmhála faoi I.R. 321/2022 agus forálacha maidir le scaoileadh faisnéise faoi I.R. 496/2022.

Bhí sé ina thoradh ar na tosca sin gur ardaíodh feasacht ar an uchtáil in Éirinn. I gcásanna áirithe, spreag sé sin daoine uchtaithe, nó daoine muinteartha leo siúd a uchtaíodh, chun smaoineamh ar fhaisnéis a lorg fúthu féin nó faoi dhuine muinteartha leo den chéad uair.

Is iondúil gur le próiseas dlíthiúil na huchtála a bhaineann na hIarrataí ar Rochtain ó Ábhair Sonraí a fhaigheann an tÚdarás. Mar sin féin, coimeádann an tÚdarás na taifid a bhaineann leis an ngné oibre sóisialta den phróiseas uchtála do na gníomhaireachtaí seo a leanas:

- Bethany House;
- Cúnamh, ar a dtugtaí Cumann Cosanta agus Tarrthála Caitliceach na hÉireann (CRTSI);
- Denny House;
- Fairfield Children's Home;
- Uchtálacha teaghlaigh;
- Arabella t/a Here2Help, lena n-áirítear comhaid de chuid PACT (An Cumann Uchtála Protastúnach) ó roimh 2010;
- Uchtálacha príobháideacha ó 1952-1991;
- Socrúcháin phríobháideacha;
- Cumann Uchtála Naomh Bríd;
- Cumann Uchtála Naomh Treasa;
- Tigh Maighdilíneach; agus
- The Nursery Rescue Society.

Bhí cásanna ann nárbh fhéidir freagraí ar iarrataí a sholáthar laistigh den fhráma ama reachtúil 30 lá, mar thoradh ar cheisteanna acmhainní nó mar gheall ar chastacht na dtaifead a bhí le hathbhreithniú. Sna cúinsí sin, cuireadh é sin in iúl d'iarratasóirí agus cuireadh fráma ama athbhreithnithe ar fáil dóibh le haghaidh freagra iomlán.

As na 73 Iarraidh ar Rochtain ó Ábhair Sonraí, ba iarratais bhailí iad 63 díobh. Diúltaíodh do shé cinn de bharr nár soláthraíodh aon fhianaise aitheantais nuair a iarradh í. Tarraingíodh siar ceithre iarratas agus dhéileáil réimse den Údarás ag a bhfuil an saineolas cuí leo.

Cuireadh achomharc amháin isteach chuig Oifigeach Achomhairc um Chosaint Sonraí an Údaráis.

**Tábla 6:** *Iarrataí ar Rochtain ó Ábhair Sonraí 2013-2022*

| | Líon a Fuarthas | Líon a Diúltaíodh | Achomhairc Inmheánach faighte | Achomhairc chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí | Cinneadh ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **2013** | | 0 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2014** | 7 | 0 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2015** | 8 | 2 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2016** | 8 | 2 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2017** | 6 | 0 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2018** | 3 | 1 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2018*** | 12 | 5 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2019** | 26 | 5 | 5 | 1 | Ag feitheamh ar chinneadh |
| **2020** | 32 | 3 | 6 | 0 | neamhbhainteach |
| **2021** | 97 | 9 | 5 | 1 | Doiciméad eisithe le folú déantar air de bhun cinneadh ón gCoimisinéir |
| **2022** | 73 | 10 | 1 | 0 | 0 |

*tar éis gur tugadh RGCS isteach ar an 25 Bealtaine 2018

### Beartais agus Nósanna Imeachta

In 2022, lean Údarás Uchtála na hÉireann ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag forbairt beartas, i bhfianaise shainchúram nua an Údaráis faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Rinneadh Comhaontú Comhroinnte Sonraí idir an tÚdarás agus Tusla maidir le comhroinnt sonraí le haghaidh seirbhísí arna soláthar faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 16 Nollaig 2022.

## Réitigh Dhigiteacha

### Struchtúr

Déanann Foireann na Réiteach Digiteach maoirsiú ar fheidhm Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) an Údaráis. Bunaíodh an fhoireann sin in 2022 faoi athstruchtúrú eagraíochtúil lena chinntiú go ndéanfaí feidhmiú éifeachtach ar an Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. I rith 2022, bhí Oifigeach Riaracháin amháin, beirt Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais amháin ar an bhfoireann.

### Obair a rinneadh in 2022

Ar an 30 Iúil 2022, rinneadh dlí den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Ionas go gcloífeadh an tÚdarás leis an reachtaíocht sin, d'fhorbair Foireann na Réiteach modheolaíochtaí chun sonraí feidhmchláir maidir le clár um shainroghanna teagmhála agus faisnéis bhreithe a bhailiú, a thiomsú agus a choinneáil cothrom le dáta. Trí úsáid a bhaint as feidhmchlár chun foirmeacha ar líne a dhearadh, chuir Foireann na Réiteach le chéile foirmeacha éagsúla lenar féidir sonraí feidhmchlár a ghabháil, a admháil agus a iompórtáil isteach inár gCóras Leictreonach Bainistíochta Sonraí (e-DMS) lena bpróiseáil, chomh sciobtha agus is féidir.

Cheangail an tÚdarás le Líonra GN (Líonra an Rialtais) in 2022. Leis sin, cinntítear go mbeidh seirbhísí stuama WiFi ar fáil don fhoireann ar fad, lenar féidir nascadh le córas Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun seirbhísí óstála agus seirbhísí idirlín eile a chomhroinnt.

Cuireann nascacht den sórt sin ar chumas na foirne gnó an Údaráis a dhéanamh go héifeachtach agus go slán. A bhuí leis an nascacht sin freisin, bhí ar chumas an Údaráis tuilleadh daoine a fhostú gan aon ghá a bheith le bonneagar TF breise. Mheas an fhoireann go léir gur céim dhearfach a bhí ann, agus gur fágadh go bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as seomraí cruinnithe agus as áiteanna comhroinnte eile chun teacht le chéile agus míreanna oibre a chur i láthair agus a chomhroinnt.

I rith 2022, bhainistigh Foireann na Réiteach 416 iarraidh ó úsáideoirí inmheánacha. I gcás fhormhór na nglaonna sin, réitíodh iad an lá a fuarthas iad. Rinneadh na ticéid a chatagóiriú mar seo a leanas:

I gcás nach bhféadfaí iarrataí a réiteach go hinmheánach, chabhraigh ár soláthraí tacaíochta tríú páirtí e-DMS linn le 63 iarraidh, agus chabhraigh ár n-óstach líonra le 244 teagmhas agus 450 iarraidh ar athrú. I gcás fhormhór na n-iarrataí a cuireadh ar aghaidh chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, bhain siad le hoscailt cuntas, ceadanna úsáideora agus próisis a bhain le daoine a bheith ag teacht chuig an eagraíocht, á fágáil, nó ag aistriú ó phost go post eile.

Ní dhearnadh aon athrú i rith na bliana ar ár soláthraí e-DMS tríú páirtí ach tugadh isteach foirmeacha gréasáin nua ar líne agus uirlisí cláir bháin. Bhí ár bhfoirmeacha gréasáin ar líne agus ár n-uirlisí cláir bháin nua don Údarás in 2022.

**Tábla 7:** *Iarrataí ar chúnamh a fuair Foireann na Réiteach Digiteach*

| Leibhéal Tosaíochta | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sainmhíniú ar an Leibhéal Tosaíochta** | Gan Seirbhís – Tionchar ar gach úsáideoir | Tionchar ar fhoireann amháin | Tionchar ar bhall foirne amháin | Iarraidh ar fhorbairt nó athrú | Mionearráidí sonraí a cheartú | | |
| **Líon na nIarrataí** | 0 | 45 | 142 | 70 | 159 | 416 | |
| | | | | | | | |
| **Catagóir na hIarrata de réir Bogearraí** | Líonra TFC | Stóráil Doiciméad | Foirmeacha Gréasáin | e-DMS | MS Office Suite | Clár Bán Digiteach | Eagarthóireacht Doiciméad |
| **Líon na nIarrataí** | 52 | 1 | 15 | 313 | 29 | 2 | 4 |

## An Chartlann

### Struchtúr

Le linn 2022, cheap an tÚdarás Uchtála Cartlannaí Sinsearach (Grád II), Cartlannaí (Grád III) agus Oifigeach Feidhmiúcháin chun freastal ar na hoibleagáidí atá air faoi na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986-1918 agus faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.

### Na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta, 1986–2018

Faoi Alt 71 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, cuireadh an tÚdarás le Sceideal na nAchtanna um Chartlann Náisiúnta, 1986-2018. Mar sin, is taifid rannacha anois iad taifid an Údaráis atá os cionn 30 bliain d'aois chun críocha Alt 2 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Cheap an tÚdarás Oifigeach Deimhnithe amháin faoi Ailt 7(4), 8(2), 8(4), 8(6) agus 10(5) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus beirt Oifigeach Foréilimh faoi Alt 8(9) den Acht um Chartlann Náisiúnta. Ina theannta sin, ghlac an tÚdarás páirt i gceithre chruinniú de chuid Líonra na gCartlannaithe agus na mBainisteoirí Taifead Stáit in 2022.

### An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Déantar foráil le Cuid 7 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú maidir le cosaint taifead. Déantar foráil ann maidir le cosaint láithreach tar éis thosach feidhme an Achta (a rinneadh trí bhíthin I.R. Uimh. 448/2022 – Ordú fán Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2022), agus ceadaítear freisin taifid a aistriú chuig Údarás Uchtála na hÉireann, faoi threoir ón Údarás.

Is é cuspóir na bhforálacha reachtacha sin a chinntiú go gcosnaítear taifid thábhachtacha iomchuí agus taifid thábhachtacha stairiúla maidir le huchtáil, socruithe iostais nó socrú altranais, cásanna ina ndearnadh clárú mídhleathach ar bhreith, agus Institiúidí Máthar agus Linbh agus Teaghlaigh Contae. In 2022, d'fhormheas Bord an Údaráis Uchtála dhá threoir faoi Alt 48 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 maidir le haistriú taifead iomchuí ó fhoinsí faisnéise.

### An tIonad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin

Bhí ionadaithe de chuid an Údaráis páirteach i dtrí chruinniú a reáchtáil an Fhoghrúpa Cartlainne de chuid Ghrúpa Stiúrtha an Ionaid Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin in 2022, mar a fhoráiltear dó le Beart 6 den Phlean Gníomhaíochta do Mharthanóirí agus Iar-Chónaitheoirí na nInstitiúidí Máithreacha agus Leanaí agus na nInstitiúidí Teaghlaigh Contae. Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás suirbhé tosaigh ar a thaifid don Chartlann Náisiúnta i ndáil leis an Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin.

## Iarrataí um Shaoráil Faisnéise

### Forléargas

Ag deireadh na bliana 2022, aistríodh an fhreagracht as riar na n-iarrataí um shaoráil faisnéise chuig Stiúrthóir na Seirbhísí Faisnéise agus na dTaifead lena chinntiú go nglacfaí cur chuige comhordaithe maidir le scaoileadh faisnéise ar fud an Údaráis.

### Iarrataí a fuarthas in 2022

Foilsíonn an tÚdarás sonraí na n-iarrataí um shaoráil faisnéise a fhaightear, de réir cheanglais Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Saoráil Faisnéise i gcás Comhlachtaí Poiblí.

In 2022, fuair an tÚdarás Uchtála 26 iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

- diúltaíodh do 17 acu;
- deonaíodh ocht gcinn nó deonaíodh cuid díobh; agus
- tarraingíodh siar ceann amháin.

I gcás ceithre cinn de na hiarrataí ar diúltaíodh dóibh, bhí raon feidhme na hiarrata ró-leathan agus ní dhearna an t-iarratasóir beachtú air. I gcás amháin, dhiúltaigh an tÚdarás don iarraidh toisc nach raibh an fhaisnéis ar fáil. Sna 12 chás eile, ba é an chúis ar diúltaíodh don iarratas ná gur sainíodh in Acht na bliana 2014 gur Gníomhaireacht a Chuimsítear i bPáirt é Údarás Uchtála na hÉireann.

D'fhág sé sin nach raibh feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le taifid a bhaineann le, nó a d'eascair as, ordú uchtála a dhéanamh nó maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, de réir bhrí an Achta Uchtála 2010.



# Obair Shóisialta

## Forléargas

Seirbhís ar leith is ea an tSeirbhís Oibre Sóisialta in Údarás Uchtála na hÉireann sa mhéid is go mbíonn idir obair shóisialta dhigiteach agus obair a chloíonn le samhlacha cleachtais traidisiúnta ar bun aici. Is minic a bhíonn ar oibrithe sóisialta san Údarás idirghabhálacha a dhéanamh trí ghlaonna gutháin agus cruinnithe ar líne, ós rud é go bhfuil cliaint lonnaithe ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Ina theannta sin, bíonn gá le taighde deisce agus taighde ar líne araon chun gaolta a aimsiú do chliaint agus cuardach á dhéanamh i mbunachair dhigiteacha, cúram ar gá do bhaill foirne scileanna atá lasmuigh de na samhlacha traidisiúnta oibre sóisialta a fhorbairt ina leith. Na príomhshamhlacha a úsáidtear i ndáil le seirbhís oibre sóisialta an Údaráis, bíonn siad dírithe ar an gcliant, bíonn siad faoi threoir ag eolas faoi thráma agus leagtar béim ar insint agus ar réiteach ina leith.

Tá ceithre phríomhfheidhm ag an obair shóisialta a dhéanann an tÚdarás:

- Rianú
- Tacaíocht i ndáil leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála
- Idirghabháil Ghairid
- Athbhreithniú ar mheasúnachtaí uchtála reatha

## Struchtúr

I rith 2022, bhí Príomh-Oibrí Sóisialta, Ceannaire Foirne, cúigear Cleachtóirí Sinsearacha Oibre Sóisialta agus triúr Oibrithe Sóisialta ar an bhFoireann Oibre Sóisialta.

## Rianú

Is cleachtas seanbhunaithe é seirbhís rianaithe a sholáthar i réimse na huchtála sa tír seo agus thar lear. Is feidhm de chuid an Údaráis Uchtála é an rianú i bhfoirmeacha éagsúla le fada. Sa bhliain 2022 rinneadh feidhm reachtúil nua den rianú faoi Chuid 5 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Leis an tseirbhís rianaithe, soláthraíonn oibrithe sóisialta san Údarás seirbhís oibre sóisialta ar leith ina gcomhcheanglaítear gnéithe den taighde digiteach agus samhlacha cleachtais na hoibre sóisialta chun cabhrú le daoine teagmháil a dhéanamh le daoine muinteartha leo.

Tháinig athrú mór ar an obair shóisialta san Údarás i mbliana mar go raibh ar bhaill foirne idirghabhálacha a tháinig roimh an Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú a bhainistiú agus tosú ag freastal ar idirghabhálacha faoin Acht.

Cuireadh tús le hiarratais rianaithe a rinneadh faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus fuair an tÚdarás 108 iarratas sna trí mhí dheireanacha den bhliain. Bhí 81% díobh sin leithdháilte ar oibrí sóisialta faoi dheireadh na bliana. Iarratais ó dhaoine uchtaithe a bhí ag iarraidh tuismitheoir breithe a lorg a bhí i bhformhór na n-iarratas go léir (88) a fuarthas in 2022. Rinne 17 nduine iarratas chun deartháir nó deirfiúr leo a aimsiú, agus rinne triúr iarratas chun duine muinteartha eile leo a lorg.

## Cás-Staidéar Rianaithe

*Ainmneacha bréige atá in úsáid sa chás-staidéar seo. Níl sé i gceist go bhfuil cur síos ar dhaoine cearta (beo nó marbh) sa chás-staidéar ná níor cheart é sin a thuiscint.*

Rinne Chris, a suíodh lena uchtáil in 1982, iarratas chun a mháthair bhreithe a lorg faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú. Ní raibh aon eolas roimh ré ag Chris faoina mháthair bhreithe agus ní raibh aon iarracht déanta aige a mháthair bhreithe a aimsiú roimhe sin. Bhí cónaí ar Chris i Manchain, mar sin ba ar Zoom a tionóladh an chéad chruinniú lena oibrí sóisialta. Ba é cuspóir an chruinnithe sin deis a thabhairt do Chris a phlé céard a bhí uaidh, aon cheisteanna a bhí aige a chur agus aon ábhar imní a phlé maidir lena mháthar bhreithe a rianú. Ina theannta sin, shoiléirigh an t-oibrí sóisialta a ról agus leag amach go ginearálta na céimeanna rianaithe a ghlacfaí agus roinnt de na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an rianú.

Tar éis an chruinnithe, chuir an t-oibrí sóisialta tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar aon fhaisnéis ar chomhaid uchtála a bhain le teaghlach breithe Chris, ar chinn iad a chuideodh leis an rianú. D'úsáid an t-oibrí sóisialta an t-athbhreithniú sin chun féachaint an raibh aon fhaisnéis stairiúil ann a bheadh ina cabhair maidir leis an mháthair bhreithe a aimsiú anois. Ansin bhí an fhaisnéis sin ina treoir ag an oibrí sóisialta ó thaobh cé na hacmhainní digiteacha, bunachair shonraí agus taifid a bheadh úsáideach. Agus na bunachair shonraí agus na hacmhainní sin á n-úsáid, bhí ar an oibrí sóisialta leas leanúnach a bhaint as an bhfaisnéis stairiúil chun faisnéis an lae inniu a shainaithint. Agus an méid sin á dhéanamh, b'éigean don oibrí sóisialta naisc fhéideartha leis an máthair bhreithe agus uaithi a fhiosrú agus a thástáil arís agus arís eile lena léiriú cá bhféadfadh sí a bheith.

I gcomhthreo le hobair dhigiteach an oibrí sóisialta, bíonn na hoibrithe sin ar fáil chun an t-eolas is nuaí a thabhairt don úsáideoir seirbhíse faoi réir riachtanais an chliaint. I ngach cás rianaithe, tá sé ríthábhachtach go mothódh an té a úsáideann an tseirbhís gur féidir leis nó léi faisnéis a lorg de réir mar is gá. Sa chás seo, níor iarr Chris ach scéala a fháil nuair a d'aimseodh an t-oibrí sóisialta a mháthair bhreithe (Sandra).

Nuair a d'aimsigh an t-oibrí sóisialta Sandra cuireadh é sin in iúl dó agus, ag teacht leis an bprionsabal féinchinntiúcháin, comhaontaíodh na chéad chéimeanna eile. Scríobh an t-oibrí sóisialta chuig Sandra á cur féin in aithne di agus ag iarraidh teagmháil a dhéanamh léi maidir le fiosrúchán rianaithe.

D'aontaigh Chris agus an t-oibrí sóisialta tréimhse ama (ocht seachtaine sa chás seo) chun ligean do Sandra an litir a fháil agus a machnamh a dhéanamh fúithi. Mura bhfaighfí freagra laistigh de na hocht seachtaine, chuirfí litir eile.

Mí tar éis di an litir a fháil, rinne Sandra teagmháil leis an oibrí sóisialta. D'inis an t-oibrí sóisialta é sin do Chris. Bhí comhrá tosaigh tacúil ann idir Sandra agus an t-oibrí sóisialta inar tugadh an deis do Sandra an scéal a phlé mar ba mhian léi féin. Labhair sí faoin gcaoi ar chuir sí leanbh lena uchtáil go luath sna 80idí, an fhreagairt a bhí ag a muintir ar leanbh a bheith á iompar aici, agus cuid de na mothúcháin a bhí aici ag an am sin agus a d'fhan léi ar feadh a saoil. I gcomhrá eile ina dhiaidh sin, labhair Sandra agus an t-oibrí sóisialta faoin todhchaí – an fonn a bhí ar Sandra faisnéis a thabhairt do Chris. Chinn Sandra agus Chris beirt, astu féin, roinnt faisnéise faoina saol a roinnt le chéile tríd an oibrí sóisialta. Lorg Sandra cúnamh ón oibrí sóisialta chun litir a scríobh chuig Chris agus tugadh an cúnamh sin di. Thosaigh an t-oibrí sóisialta ag caint le Chris agus Sandra faoi na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le teagmháil dhíreach a bheith eatarthu nó bualadh le chéile le tacaíocht óna n-oibrí sóisialta. Mhothaigh Sandra go mbainfeadh sí leas as cruinniú tacaithe agus, cé go raibh Chris sásta le ceachtar cur chuige, bhí fonn air aontú leis an rogha a rinne Sandra. Socraíodh dáta ar a dtaistealódh Chris ó Mhanchain go Baile Átha Cliath chun bualadh le Sandra.

Bhuail an bheirt le chéile agus cuireadh spás ar fáil dóibh chun bheith ina n-aonar agus aon rud ba mhian leo a phlé. Sheas an cruinniú ar feadh beagnach dhá uair an chloig. Sa tréimhse tar éis dóibh bualadh le chéile, rinne Chris agus Sandra araon teagmháil lena n-oibrí sóisialta chun plé a dhéanamh faoin gcaoi a ndeachaigh sé sin i bhfeidhm orthu agus faoi na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

## Tacaíocht don Chlár um Shainroghanna Teagmhála

Mar gheall ar sheoladh an Chláir um Shainroghanna Teagmhála (a tháinig in ionad an Chláir Náisiúnta um Roghanna Teagmhála a bhí ann roimhe seo) i mí Iúil 2022, tháinig méadú ar líon na meaitseanna ar an gclár. Rinneadh 133 meaits ar an gclár idir mí Iúil agus deireadh mhí na Nollag 2022.

Bhain formhór na meaitseanna le deartháireacha agus deirfiúracha (87) – cásanna inar uchtaíodh duine acu nó an bheirt. Bhí 31 meaits ann idir tuismitheoir breithe agus duine a uchtaíodh. Is éard a bhí i gceist leis an gcuid eile (15) ná meaitseanna idir daoine a uchtaíodh agus duine muinteartha leo.

Mar gheall ar athsheoladh cláir dóibh siúd a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu, bhí líon mór meaitseanna ann idir daoine a chláraigh in 2005-2007 agus iad siúd a tháinig isteach i samhradh na bliana 2022.

Bhí raon torthaí ann ó na meaitseanna sin, lena n-áirítear cliaint ag dul i dteagmháil dhíreach le chéile, ag cur litreacha agus faisnéise chuig a chéile trí oibrithe sóisialta agus ag cinneadh gan teagmháil a dhéanamh le chéile. Mar aitheantas go raibh tacaíocht oibre sóisialta á lorg ag cuid acu siúd a ndearnadh meaitseáil leo ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála, bunaíodh post oibre sóisialta nua chun tacaíocht agus idirghabháil ghairid a sholáthar.

### Cás-Staidéar maidir le Sainrogha Theagmhála

*Ainmneacha bréige atá in úsáid sa chás-staidéar seo. Níl sé i gceist go bhfuil cur síos ar dhaoine cearta (beo nó marbh) sa chás-staidéar ná níor cheart é sin a thuiscint.*

Chuir Mary a hainm ar an gClár Náisiúnta um Shainroghanna Teagmhála Uchtála (mar a tugadh air an tráth sin) in 2005 agus í ag iarraidh teagmháil a dhéanamh lena hiníon, Faye, a shuigh sí lena huchtáil gar do dheireadh na 1970idí. Idir 2005 agus 2022, níor chuir Faye a hainm ar an gclár ná níor chuardaigh sí Mary. In 2022, tháinig Faye ar an eolas faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú tríd an bhfeachtas náisiúnta fógraíochta agus chinn sí a hainm a chur ar an gClár nua um Shainroghanna Teagmhála.

Mar gheall air sin, rinneadh meaits idir Mary agus Faye. Toisc gurbh í Mary a chuir a hainm ar an gclár ar dtús (17 mbliana roimhe sin), ba le Mary a rinne an t-oibrí sóisialta teagmháil ar dtús. Bhí a fhios ag an oibrí go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar mhianta Mary, go bhféadfadh a sláinte a bheith imithe in olcas nó go mb'fhéidir nach raibh cónaí uirthi a thuilleadh ag an seoladh a luadh.

An mhaidin a fuair Mary litir ón oibrí sóisialta ag cur in iúl di go raibh sí meaitseáilte lena hiníon, rinne sí teagmháil leis an oibrí sóisialta. Tugadh an deis do Mary plé a dhéanamh faoi gcaoi ar airigh sí faoin meaits agus faoin gcaoi a ndeachaigh an uchtáil i bhfeidhm uirthi.Dúirt sí gur cinneadh deacair a bhí ann Faye a shuí le huchtáil agus gur bhraith sí nach raibh an dara rogha aici. Phléigh Mary an faitíos a bhí uirthi go mbeadh fearg ar Faye léi nó go mbeadh fearg ar a mic féin léi. Thacaigh an t-oibrí sóisialta le Mary ionas go bhféadfadh sí a scéal féin a insint ar a bealach féin. Luaigh an t-oibrí sóisialta ar bhealach comhbhách go mb'fhéidir nach raibh an dara rogha ag Mary san am a chuaigh thart ach go raibh an dara rogha aici anois. Bhí Mary sásta go bhféadfadh sí labhairt lena mic féin nó dul i dteagmháil le Faye nuair a thogródh sí féin é. Chinn Mary cinneadh tacaíocht a lorg óna fear céile, a bhí ar an eolas faoi bhreith Faye, chun labhairt lena mic agus ansin teagmháil a dhéanamh leis an oibrí sóisialta arís.

Roinnt seachtainí ina dhiaidh sin, chuaigh Mary i dteagmháil leis an oibrí sóisialta lena rá léi gur labhair sí lena mic agus gur thug siad an-tacaíocht di. Bhí cinneadh déanta aici gur mhaith léi teagmháil dhíreach a dhéanamh le Faye ach go dtuigfeadh sí cás Faye mura mbeadh sise á iarraidh sin.

Ansin chuir an t-oibrí sóisialta Faye ar an eolas faoin meaits. Bhí iontas ar Faye gur tharla meaits chomh luath sin, agus mhínigh an t-oibrí sóisialta conas a tharla an meaits. Chinn Faye fanacht lá nó dhó chun a machnamh a dhéanamh faoin meaits sula roinnfí aon sonraí teagmhála. Seachtain ina dhiaidh sin rinne Faye teagmháil leis an oibrí sóisialta ag iarraidh go roinnfí a sonraí. Chuir an t-oibrí sóisialta glaoch ar Mary lena insint di go n-eiseofaí litir don bheirt ina mbeadh sonraí a chéile.

Roinnt míonna ina dhiaidh sin, d'fhág Mary teachtaireacht ag iarraidh ar an oibrí sóisialta glaoch a chur uirthi faoin meaits. Chuir sí in iúl gur chuir sí féin agus Faye litreacha agus roinnt grianghraf chuig a chéile agus go raibh ceangal cothaithe eatarthu. Bhí sé beartaithe acu beirt go raibh sé in am acu bualadh le chéile agus bhí Faye tar éis fiafraí an bhféadfadh sí bualadh lena leathdheartháireacha freisin.

Thaistil Faye agus an fear a raibh sí ag siúl amach leis chuig teach Mary agus bhuail siad le Mary agus a teaghlach. Bhí Mary agus Faye beirt an-sásta gur casadh ar a chéile iad agus bhí a fhios acu go bhféadfaidís a bheith i gcumarsáid le chéile pé uair agus pé bealach ba mhian leo. Cuireadh in iúl do Mary agus Faye araon go bhféadfaidís leas a bhaint as an tseirbhís oibre sóisialta dá mbeadh gá ag ceachtar acu leis sin san am a bhí le teacht.

## Idirghabháil Ghairid

Lasmuigh d'fheidhmeanna reachtúla na foirne oibre sóisialta faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, bhí grúpa cliant ann a rinne teagmháil leis an Údarás ag lorg tacaíochta nó comhairle. Roimhe sin, thagadh na hiarrataí sin ó dhaoine a rianaíodh nó a meaitseáladh le daoine muinteartha leo agus a raibh treoir uathu maidir leis an nasc sin a athchothú.

Thuig an tÚdarás go mb'fhéidir gur mhian le cuid acu siúd a fhaigheann eolas faoi luathshaol agus faoi bhreith tacaíocht a bheith ar fáil dóibh maidir le hábhar a léann siad. Glacadh an cinneadh gur idirghabháil ghairid an cur chuige is fearr ina leith sin. Is rud sealadach í an idirghabháil ghairid, atá dírithe ar chabhrú le cliant ionas go mothóidís go bhfuil smacht acu ar an staid ina bhfuil siad agus cuidiú leo teacht ar réitigh dá gcuid féin.

Táthar ag súil go bhfostófar oibrí sóisialta breise a bheidh ag plé le rianú go luath in 2023.

## Athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Uchtála Reatha

Bhí obair mhór fós le déanamh in 2022 ó thaobh athbhreithniú a dhéanamh ar gach measúnú le haghaidh uchtála, agus leagadh an cúram sin ar fhoireann ildisciplíneach, a bhí ag plé le huchtáil bhaile agus uchtáil idir tíortha araon. In 2022, d'fhorbair an fhoireann oibre sóisialta Teimpléad Athbhreithnithe chun cur leis an gcomhsheasmhacht i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe.

In 2022, rinne an Fhoireann athbhreithniú ar 121 iarratas ar uchtáil bhaile agus 23 iarratas ar uchtáil idir tíortha i ndáil le Dearbhú Cáilitheachta agus Oiriúnachta.

## Athbhreithniú Seachtrach ar an Obair Shóisialta

Rinneadh athbhreithniú seachtrach iomlán ar sheirbhísí oibre sóisialta in Údarás Uchtála na hÉireann in 2022. De bhun mholtaí an athbhreithnithe, beidh bainisteoirí oibre sóisialta ag obair leis an lucht athbhreithnithe chun sraith beartas oibre sóisialta a chur le chéile agus chun formáid chaighdeánaithe a cheapadh le haghaidh idirghabhálacha ar fud gach réimse oibre sóisialta.



# Taighde

## Forléargas

Faoin Acht Uchtála, 2010 (96[1]), áirítear le feidhmeanna an Údaráis Uchtála

- Tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uchtála a ghabháil de láimh, nó cabhrú leis an gcéanna;
- Faisnéis staidrimh agus taifid eile a thiomsú maidir leis na seirbhísí uchtála sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar go cuí.

Ceapadh Fochoiste Taighde de chuid an Bhoird in 2016, chun féachaint conas is fearr is féidir an ceanglas dlíthiúil sin a chomhlíonadh. Bunaíodh Aonad Taighde in Údarás Uchtála na hÉireann in 2019, agus fostaíodh Oifigeach Taighde ar chonradh sealadach. In 2022, fuair an tÚdarás cead ó RLCMLÓ chun post buan mar Oifigeach Taighde a bhunú. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta go luath sa dara ráithe, agus cuireadh tús leis an ról buan ag deireadh mhí na Bealtaine 2022. Thug cúntóir taighde tacaíocht don Oifigeach Taighde ar bhonn conartha i rith 2022.

## Struchtúr

Is Príomhoifigeach Cúnta é an tOifigeach Taighde a thuairiscíonn go díreach don Phríomhfheidhmeannach, agus atá ina rúnaí don Fhochoiste Taighde. Is é an ról atá ag an bhFochoiste Taighde tacú le forbairt na straitéise taighde, agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thionscadail atá beartaithe ag an Údarás agus comhairle a chur air ina leith.

Tá ceathrar comhaltaí de Bhord an Údaráis ar an gCoiste sin, an Príomhfheidhmeannach, ionadaithe ó na Foirne Uchtála Idir Tíortha, Uchtála Baile, Oibre Sóisialta agus Taifead, agus beirt sainchomhairleoirí sheachtracha – duine acu ó thar lear.

Bunaíodh Coiste Eitice Taighde an Údaráis in 2020 chun maoirsiú a dhéanamh ar bhreithnithe eiticiúla i ndáil leis na mórstaidéir thaighde. Beirt chomhaltaí Boird de chuid an Údaráis atá air agus comhairleoir seachtrach amháin ó RLCMLÓ.

## Gníomhaíochtaí na bliana 2022

Bliain ghnóthach a bhí sa bhliain 2022 don Aonad Taighde, agus é ag plé le bliain dheireanach na Straitéise Taighde trí bliana athbhreithnithe 2019-2022, agus an chéad straitéis eile á forbairt aige don tréimhse 2023-2026.

### Staidéir Thaighde Lárnacha

*'Reflections on Domestic Adoption 1952–2021':*

Críochnaíodh an earcaíocht agus an bailiú sonraí don staidéar seo sa dara ráithe de 2022, agus cuireadh agallamh domhain ar 14 rannpháirtí faoina dtaithí féin ar bheith ag obair ar bhonn gairmiúil nó deonach i réimse na huchtála baile le linn na tréimhse ama sin. Rinneadh anailís théamach sa tríú ráithe ar na sonraí a d'eascair as sin, breacadh síos na torthaí, agus dréachtaíodh tuarascáil mhionsonraithe agus cuireadh faoi bhráid an lucht bainistíochta í sa cheathrú ráithe le haghaidh tuairimí/fiosrúchán.

*'The Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland':*

Reáchtáladh seisiúin faisnéise faoi thíortha aonair i dtaobh na Síne agus na Rómáine in 2022, agus cuireadh ar shuíomh gréasáin an Údaráis iad. Tá faisnéis ghinearálta chomhthéacsúil iontu faoi uchtálacha ó na tíortha sin, mar aon le faisnéis faoi phróifíl reatha gach cohórt. Measaimid, in éineacht leis na cruinnithe faisnéise a foilsíodh cheana ar Vítneam agus an Rúis, go mbeidh siad úsáideach do raon leathan geallsealbhóirí. Bhain an tÚdarás leas astu chun cuidiú le bonn eolais a chur faoi fhorbairt Tacaíochtaí Faisnéise agus Rianaithe um Uchtáil Idir Tíortha.

Fuarthas faomhadh eiticiúil in 2022 chun tús a chur le céim na hoibre allamuigh den staidéar seo. Is é is aidhm leis iniúchadh a dhéanamh, trí fhócasghrúpaí cáilíochtúla, ar an eispéireas a bhí ag daoine ar uchtaíodh iad ó thír eile ar fhás aníos in Éirinn, bunaithe ar shampla beag daoine 13-40 bliain d'aois. Dhear an t-aonad taighde na hábhair go léir agus rinneadh iad a chlóchur go gairmiúil. Áiríodh leo póstaeir, bileoga eolais, foirmeacha toilithe agus fógraí don suíomh gréasáin. Tosaíodh ag earcú daoine don staidéar sin i mí Dheireadh Fómhair, agus fógraíodh é i measc na bpríomhgheallsealbhóirí i réimse na huchtála, lena n-áirítear RLCMLÓ, Tusla, comhlachtaí creidiúnaithe agus grúpaí tacaíochta a bhaineann le tír ar leith. Fógraíodh an staidéar freisin ar shuíomh gréasáin an Údaráis agus ar na meáin shóisialta. Reáchtáladh an chéad ghrúpa fócais i mí na Nollag agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó na rannpháirtithe. Leanfar den earcaíocht in 2023. Táimid ag súil leis go n-úsáidfear torthaí an staidéir seo chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt seirbhíse sa réimse sin.

D'fhorbair an t-aonad taighde dhá ghrafaic faisnéise faoi bhealaí éasca le bheith feasach ar an uchtáil, agus bainfear úsáid astu i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Is é an cuspóir atá leo frásaí agus smaointe dearfacha a bhaineann leis an uchtáil a cur ar fáil do mhúinteoirí le haghaidh tascanna a dhéanann an rang le chéile, chun tacú lena gcuid scoláirí uchtaithe.

## Tuarascálacha a d'iarr an tÚdarás féin

Cuireadh bailchríoch ar an tuarascáil 'International Practice in the Provision of Intercountry Adoption Information and Tracing Services' in 2022. Ba é cuspóir an staidéir sin imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann tíortha eile acmhainní ar fáil agus a bhainistíonn siad an réimse Faisnéise agus Rianaithe Uchtála Idir Tíortha. Dearadh suirbhéanna agus seoladh iad chuig 14 thír.

Rinneadh na torthaí a chomhordú agus a anailísiú agus scríobhadh tuarascáil mhionsonraithe orthu, a roinneadh le

Bord agus Feidhmeannas an Údaráis, agus freisin le lucht léitheoireachta idirnáisiúnta teoranta, lena n-áirítear na tíortha rannpháirteacha go léir agus príomhgheallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail ranna rialtais, údaráis láir, comhlachtaí creidiúnaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí taighde. Bhain an tÚdarás leas as an tuarascáil chun cuidiú le bonn eolais a chur faoi fhorbairt Tacaíochtaí Faisnéise agus Rianaithe um Uchtáil Idir Tíortha.

Ullmhaíodh tuarascáil inmheánach don Bhord ar threochtaí maidir le huchtáil bhaile naíonán sa tréimhse 2011-2022 agus roinneadh í le Tusla agus RLCMLÓ. Áiríodh sa tuarascáil anailís ghairid ar na haoiseanna ag ar suíodh na leanaí sin (líon réasúnta beag) lena n-uchtáil, na háiteanna (de réir contae) a cuireadh iad agus comhdhéanamh a dteaghlaigh nua, agus an aois a bhí siad nuair a uchtaíodh iad. Bhí sé mar aidhm léi patrúin agus treochtaí a aithint lena chinntiú go leanaimid ag comhlíonadh ár gcaighdeán agus na gceanglas atá orainn sa réimse seo.

## An Fochoiste Taighde

Tháinig an Fochoiste Taighde le chéile trí huaire in 2022. Chuir comhaltaí éagsúla den fhochoiste comhairle ar an Aonad Taighde mar ba ghá lasmuigh de na cruinnithe sin. Rinne an fochoiste measúnú air féin i mí na Nollag 2022.

Príomhchúram a bhí ar an bhFochoiste Taighde le linn 2022 ab ea aidhmeanna na Straitéise Taighde nua 2023-2026 a fhorbairt agus a chomhaontú. Tugadh cuireadh do chomhaltaí an Fheidhmeannais moltaí a chur isteach maidir le hábhair a mbeadh taighde le déanamh orthu, bunaithe ar a gcuid tuairimí faoi bhearnaí sa bhonn fianaise, agus ar a gcuid riachtanas taighde féin, agus tagairt á déanamh acu do na spriocanna a leagtar amach sa Mhórphlean Straitéiseach 2022-2024. Breithníodh gach smaoineamh, agus tar éis mionphlé a dhéanamh ar gach moladh, d’aontaigh an Fochoiste ar thrí phríomhréimse fócais don straitéis nua, a cuireadh faoi bhráid Bhord an Údaráis. Áirítear leo taighde ar uchtáil ó chúram altrama fadtéarmach, measúnuithe uchtála, agus reachtaíocht a bhaineann leis an uchtáil.

Dhréachtaigh an t-oifigeach taighde doiciméad inmheánach maidir le Straitéis Taighde 2023-2026 chun cabhrú le hobair an Aonaid a threorú. Rinneadh cur síos ann ar chomhthéacs níos leithne na straitéise, agus ar na dúshláin/ceisteanna atá ina mbonn agus ina dtaca ag gach réimse fócais. Dearadh an straitéis ionas go mbeadh sí solúbtha, ionas gur féidir tionscadail nua nó cinn leantacha a chur ar bun de réir mar a thagann tosaíochtaí éagsúla chun cinn thar an tréimhse trí bliana.

## An Coiste Eitice Taighde

Tháinig Coiste Eitice Taighde an Údaráis le chéile dhá uair in 2022 chun plé a dhéanamh faoin iarratas a bhain leis an staidéar ‘The Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland’. Rinne sé an t-iarratas a fhormheas i mí an Mheithimh 2022.

## Acmhainní Taighde

Leathnaíodh na hacmhainní taighde in 2022 ionas go mbeadh rochtain ag gach ball foirne ar Sheirbhís Faisnéise Choláiste na Tríonóide – seirbhís de chuid leabharlann Choláiste na Tríonóide trínar féidir le foireann an Údaráis agus comhaltaí an Bhoird leas a bhaint as bunachar sonraí na leabharlainne agus leabhair a fháil ar iasacht, chomh maith le bunachair dhigiteacha, irisí agus mar sin de a chuardach.

Cuireadh roinnt teidil nua le leabharlann an Údaráis in 2022, agus scaip an tAonad Taighde bileog eolais ar an bhfoireann go léir maidir le conas teacht ar ár n-acmhainní taighde agus úsáid a bhaint astu, lena n-áirítear bunachar irisleabhar na leabharlainne agus EBSCO. Tá rochtain ag gach duine den fhoireann agus gach comhalta Boird ar chatalóg ar líne na leabharlainne agus ar bhunachar na n-irisleabhar ag am ar bith.

## Comhdhálacha agus Líonrú

Rinne an tAonad Taighde cur i láthair ag dhá chomhdháil in 2022: comhdháil bhliantúil Chumann Síceolaíochta na hÉireann i bPort Laoise, agus comhdháil Líonra Taighde Leanaí CHILD-RC, a reáchtáladh i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Rinneadh dhá chur i láthair do thoscairí ag comhdháil an Chumainn Síceolaíochta. Áiríodh sa chéad cheann staitisticí chun léargas a thabhairt ar athruithe ar an bpatrún uchtála baile in Éirinn, agus breithnithe modheolaíochta sa taighde domhain ar stair uchtála baile na hÉireann. Sa dara cur i láthair, breathnaíodh ar an uchtáil idir tíortha in Éirinn. Cuireadh i láthair achoimre ar threochtaí maidir le huchtáil idir tíortha arna bhfoilsiú ag an Údarás, agus tugadh breac-chuntas ar dhearadh agus modh taighde an staidéir ‘The Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland’. Is éard a bhí i gcur i láthair CRN ná póstaer ina raibh cur síos ar threochtaí agus patrúin na hÉireann i ndáil le cásanna uchtála idir tíortha. Lean an tOifigeach Taighde den chathaoirleacht ar Líonra Taighde Uchtála na hÉireann in 2022, agus ghlac an té sin páirt i Líonra na mBainisteoirí Taighde, grúpa tacaíochta piaraí de bhainisteoirí taighde sna comhlachtaí stáit.

## Cumarsáid Sheachtrach

Le linn 2022, fuair an tAonad Taighde iarratais ó am go chéile ó pháirtithe seachtracha agus staitisticí nó faisnéis eile a bhain le taighde uchtála á lorg acu. Nuair ab fhéidir é agus nuair a bhí sé praiticiúil, rinne an t-aonad iarracht i gcónaí cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do na páirtithe sin.



# Acmhainní Daonna

## Forléargas

Ba í seo an bhliain ba ghnóthaí sa Rannóg Acmhainní Daonna ó bunaíodh an tÚdarás Uchtála in 2010. Chun cur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 a éascú, fuair an tÚdarás cead an líon foirne a mhéadú in 2022. Ag tús 2022 bhí 32 ball foirne fostaithe san Údarás; ag deireadh 2022 ba 52 a bhí ann, agus bhí líon beag folúntas le líonadh go luath in 2023.

B'éigean cur leis an bhfoireann acmhainní daonna mar gheall ar an méadú sin ar an líon foirne. I mí na Bealtaine 2022, ceapadh Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin chun bheith ag obair leis an bPríomhoifigeach Cúnta agus leis an Oifigeach Cléireachais. Ceathrar a bhí san fhoireann acmhainní daonna ansin. D'fhág sé sin go bhféadfaí dlús a chur leis an earcaíocht agus thug sé an deis don Údarás fáilte a chur roimh na baill foirne nua agus sraith iomlán seirbhísí agus tacaíochta a choinneáil ar bun an tráth céanna don fhoireann agus na bainisteoirí go léir.

## Struchtúr

Tá an fhoireann acmhainní daonna faoi chúram an Chinn Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne, agus tá an duine sin ag grád Príomhoifigigh Chúnta. I rith 2022, bhí Oifigeach Riaracháin amháin, beirt Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais amháin ar an bhfoireann.

## Earcaíocht

In 2022, d'eagraigh an tÚdarás 31 comórtas earcaíochta, lena n-áirítear sé chomórtas theoranta. Déanann an tÚdarás a chuid earcaíochta féin go léir faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus i mbliana bhí an rannóg acmhainní daonna ag obair le Lex Consultancy agus le Lansdowne Executive Search chun folúntais a líonadh sa chás inar tugadh ardú céime do bhaill foirne nó ina ndeachaigh siad ar scor, agus chun daoine a earcú i gcomhair na bpost nua. Cuimsíodh an tAonad Faisnéise agus Rianaithe, a raibh triúr ag obair ann, san Aonad nua Seirbhísí Faisnéise agus Taifead. Tá Príomhoifigeach i gceannas ar an Aonad nua sin, a earcaíodh ag deireadh 2021 agus a thosaigh sa phost i mí Feabhra 2022. Tá 25 ball foirne san iomlán san fhoireann sin anois, sa réimse idir Oifigeach Cléireachais agus Príomhoifigeach Cúnta agus tá sé ar an aonad is mó san Údarás anois.

I measc na bpost buan nua bhí:

- Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin san Aonad Acmhainní Daonna;
- Cartlannaithe Grád II agus Grád III;
- Oifigeach Taighde Buan;
- Ceann na Foirne Oibre Sóisialta;
- Oibrithe Sóisialta Cáilithe Gairmiúla le haghaidh Rianú Uchtála Idir Tíortha agus Idirghabhálacha Gairide;
- Beirt Phríomhoifigeach Chúnta d'Aonad na dTaifead agus d'Aonad na Réiteach Digiteach.

## Pinsean/Scor

Is baill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair iad formhór bhaill foirne an Údaráis (75%). Soláthraíodh Ráitis Sochair Bhliantúla do gach ball den Scéim sin mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht.

D'eagraigh an tAonad Acmhainní Daonna seisiúin faisnéise faoi phinsin don fhoireann ar fad i mí an Mheithimh 2022. Tugadh sonraí don fhoireann faoi shochair a scéimeanna pinsin faoi seach agus bhí an deis acu seisiún duine le duine a bheith acu leis na saineolaithe pinsin chun a gcúinsí agus a roghanna pearsanta féin a phlé.

Duine amháin a chuaigh ar scor in 2022.

## Beartas Oibre Cumaisc

D'éirigh go geal leis an Treoirscéim Oibre Cumaisc a bhí i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2021, agus lean an tÚdarás ar aghaidh ag tairiscint socrú oibre cumaisc don fhoireann in 2022. Le linn 2022, rinne an tAonad Acmhainní Daonna faireachán ar an obair chumaisc chun féachaint conas a bhí ag éirí léi. Agus Treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le hobair chumaisc á n-úsáid mar theimpléad, forbraíodh Beartas Oibre Cumaisc don Údarás. Chuaigh an fhoireann acmhainní daonna i dteagmháil le ceardchumann FORSA agus d'iarr siad go ndéanfaí athbhreithniú ar an mbeartas um Obair Chumaisc. Táthar ag súil go socrófar cruinniú eatarthu go luath in 2023 chun an t-ábhar a chomhaontú go hiomlán agus Beartas Oibre Cumaisc an Údaráis a chur ar bhonn foirmiúil.

Bíonn lá amháin i gceist gach seachtain ina mbíonn ar gach duine den fhoireann teacht isteach ag obair san oifig. I gcás fhormhór na mball foirne a bhaineann leas as obair chumaisc, is ón mbaile a bhíonn siad ag obair dhá lá sa tseachtain, bíonn líon beag acu ag obair sa bhaile trí lá sa tseachtain agus an líon céanna istigh san oifig gach uile lá oibre.

## Clár ionduchtúcháin

Bhí an fhoireann acmhainní daonna dírithe go tréan ar ionduchtú na mball foirne nua in 2022. Mar gheall ar a mhinice a thosaigh baill foirne nua, bhí an deis ann clár ionduchtúcháin níos struchtúraithe a fhorbairt i gcomhar le bainisteoirí aonaid, leis an bhFoireann Seirbhísí Corparáideacha agus le Foireann na Réiteach Digiteach. Leis sin, cinntíodh gur shocraigh na baill foirne isteach chomh tapa agus ab fhéidir é agus go bhfuair siad eolas ar threalamh TFC agus ar phacáistí bogearraí dá róil faoi seach ionas go bhféadfaidís tosú ar obair chumaisc a luaithe ab fhéidir é dá mba mhian leo.

## Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

Thug an fhoireann Acmhainní Daonna an deis do na baill foirne páirt a ghlacadh i gcúrsaí agus seimineáir éagsúla, ar reáchtáladh go leor acu ar bhonn cianda. Áiríodh leis na topaicí a clúdaíodh:

- Riarachán Pinsean (Bonnleibhéil)
- Ullmhú i gcomhair Agallaimh ar bhonn Inniúlachta
- Imscrúduithe Acmhainní Daonna a bhainistiú
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil – Leibhéal 5
- Acmhainní Daonna agus an Dlí Fostaíochta
- Bloic Thógála Bainistíochta Taifead
- Deimhniú sa tSaoráil Faisnéise
- Tús eolais maidir le Cosaint Sonraí agus RGCS
- Bainistíocht Daoine
- Príomhtháscairí Feidhmíochta
- Agallaimh Bunaithe ar Inniúlacht – Ullmhú Gearrliosta
- Oiliúint ghrád ar leibhéal an Oifigigh Fheidhmiúcháin

## Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe ar fáil don fhoireann ar fad agus dá muintir de réir mar ba ghá. Chuir soláthraí seirbhíse an Údaráis a gcuid seirbhísí in oiriúint chun cuidiú le daoine páirt a ghlacadh i nglaonna gutháin agus físchomhdhálacha.

## An Coiste Folláine

Bhí a chéad chruinniú ag an gCoiste Folláine i mí an Mheithimh 2022 le grúpa ionadaithe ó ar fud an Údaráis.

Tháinig an tionscnamh sin ón Aonad Acmhainní Daonna agus é ag súil le smaointe nua a spreagadh maidir le folláine na foirne, ag tógáil ar an tsamhail 'lón agus foghlaim' a bhí ann roimhe sin.

D'aontaigh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta buiséad bliantúil measartha beag chun tacú le reáchtáil gníomhaíochtaí, cainteanna agus imeachtaí a bhí dírithe ar fholláine na foirne a chur chun cinn agus braistint phobail a fhorbairt agus a chothú san Údarás.

In 2022, reáchtáil an Coiste Folláine roinnt imeachtaí agus ina measc bhí seisiún léitheoireachta, éisteachta agus faire, comórtas leadóige boird, dúshlán céimeanna, taispeántas féinchosanta, ceardlann faoi chártaí a dhéanamh agus dúshlán maidir le deasca a mhaisiú ('Adrian's Laminate Christmas Desk Decorating challenge'). Chabhraigh baill foirne de chuid an Údaráis iadsan go léir a reáchtáil.

Bhí an-éileamh ar chúrsa sé seachtaine faoi ióga agus aireachas, a bhí ar siúl ag am lóin, agus bhí rang damhsa Zumba ar siúl tar éis na hoibre.

Eagraíodh cainteanna freisin ar chothú agus airgeadas pearsanta le cainteoirí seachtracha don chlár 'munch and learn'. Chomh maith leis sin, d'óstaigh an Coiste caint an-úsáideach faoin gCibearshlándáil a thug Foireann na Réiteach.

Ag maidineacha caife, lena n-áirítear ócáid Nollag ag ar tugadh pacáistí cúraim don fhoireann agus a raibh Daidí na Nollag i láthair aici, bhí an deis ag na baill foirne teacht le chéile i suíomh neamhfhoirmiúil.

D'eagraigh an Coiste cóisir Nollag na foirne freisin agus bhí ócáid shóisialta ar siúl san fhómhar don fhoireann ar fad.



# Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú

## Struchtúr

Is é an Ceann Comhlíonta ag grád an Phríomhoifigigh Chúnta a mhaoirsíonn Aonad Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnaithe Údarás Uchtála na hÉireann. Tá an fhoireann comhdhéanta d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin, triúr oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais amháin.

## Suíomh Gréasáin agus Cumarsáid

In 2022, bhí suíomh gréasáin an Údaráis fós ina fhoinse thábhachtach faisnéise agus nuachta ón Údarás Uchtála. Sa dara cuid de 2022, chuir na Seirbhísí Corparáideacha tús le hathbhreithniú ar an suíomh gréasáin chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise le húsáideoirí seirbhíse agus leis an bpobal i gcoitinne. Mar chuid den athbhreithniú sin, breithníodh oibleagáidí na heagraíochta faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, go háirithe an rochtain a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas ar shuíomhanna gréasáin de chuid eagraíochtaí.

Mar a luadh cheana, mar ullmhúchán d'achtú an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, d'fhorbair agus d'fhoilsigh an tÚdarás, i gcomhar le RLCMLÓ agus Tusla, suíomh gréasáin tiomnaithe, www.birthinfo.ie. Ardán is ea an suíomh gréasáin sin a bunaíodh go sonrach chun faisnéis a sholáthar a bhaineann leis an reachtaíocht nua, agus mar thairseach d'fhoirmeacha iarratais ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála, do sheirbhísí rianaithe agus d'fhaisnéis bhreithe agus luathsaoil. Baineadh leas as Google Analytics don tuairisciú míosúil ar thrácht gréasáin, rud a thug léargas ar úsáid an tsuímh. Chabhraigh an fhaisnéis sin linn príomhthreochtaí a aithint agus féachaint cé na codanna den suíomh is mó a dtugtar cuairt orthu.

### Preas/Na Meáin

Mar a luaitear thuas, bhí an tÚdarás i gceannas ar an bhfeachtas faisnéise poiblí a fhorbairt, in éineacht le RLCMLÓ agus Tusla, don Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, agus rinne sé maoirsiú ar theachtaireachtaí, brandáil agus feidhmiú an fheachtais ar fud na hÉireann agus thar lear sular achtaíodh an dlí nua ar an 1 Iúil 2022.

Áiríodh leis an bhfeachtas poiblíochta bileog eolais a chur chuig gach teaghlach in Éirinn agus baineadh leas as líonra Ambasáidí na hÉireann chun teagmháil a dhéanamh leo siúd i dtíortha eile a ndeachaigh an reachtaíocht i bhfeidhm orthu.

Chun cuidiú leis an iarracht ollmhór sin, bhí an tÚdarás ag obair le comhairleoir a bhíonn ag plé le caidreamh leis na meáin, agus le dhá chuideachta meán arna gceapadh ag an rialtas: Javelin, gníomhaireacht meán cruthaitheach, agus MindShare, gníomhaireacht ceannaigh meán.

Rinne an Príomhfheidhmeannach níos mó ná 30 agallamh le gníomhaireachtaí nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuir 4TC i dteagmháil leis an Údarás.

Mar is gnách, rinne an tÚdarás dlúthfhaireachán ar thuairiscí nuachta a bhain le huchtáil sna meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun bheith cothrom le dáta maidir le forbairtí ar ábhair a bhaineann le huchtáil in 2022, agus d'fhreagair an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach gach fiosrúchán agus iarraidh a rinne lucht an phreasa ar an Údarás i rith na bliana.

## Ceisteanna Parlaiminte

San iomlán, fuarthas 37 Ceist Pharlaiminte agus freagraíodh iad in 2022.

## Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomh ar son na hAeráide

In 2022, rinne an tÚdarás dul chun cinn maidir le gealltanais i dtaobh spriocanna úsáide fuinnimh na seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh. Chuir an tÚdarás tús le roghanna ceannaigh inbhuanaithe – stop sé ag ceannach earraí aonúsáide agus thosaigh sé ag déanamh roghanna níos fadtéarmaí agus cinn ar lú a ndochar don chomhshaol. Lean sé air ag glacadh páirt san fheachtas 'Reduce Your Use', agus cuireadh teachtaireachtaí comhsheasmhacha chuig an bhfoireann go rialta maidir le gléasanna agus soilse a mhúchadh agus úsáid fhreagrach a bhaint as an bhfuinneamh.

Shann an tÚdarás baill foirne chun tacú leis na hoibleagáidí atá air maidir le Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide, iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus forbraíodh an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, ag tosú ag deireadh 2022. Agus iad á dtreorú agus á dtacú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), d'fhreastail baill foirne ar sheimineáir ar líne agus ar chomhdhálacha san fhíorshaol chun iad féin a chur ar an eolas faoi conas tacú leis an eagraíocht agus í ag dul in oiriúint do chleachtais chun fuinneamh a spáráil.

## Bainistíocht Saoráidí

Tar éis chur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, tháinig méadú tapa ar líon na mball foirne san eagraíocht, agus athraíodh leagan amach an spáis oifige ar an tríú hurlár chun freastal go cuí ar lucht saothair an Údaráis agus a líon ag dul i méid.

Cuireadh thart ar 10 stáisiún oibre bhreise leis an spás oifige a bhí ann cheana chun freastal ar riachtanais na bhfostaithe. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag athrú leagan amach na hoifige agus ag cur feabhas air in 2023.

Mar chuid de phróiseas leanúnach digitithe agus nuálaíochta, d'éascaigh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha do sholáthar agus suiteáil córais físchomhdhála sa Seomra Boird.

Is é príomhchuspóir an chórais ciancheangal éifeachtach a chinntiú don Bhord agus d'fhoireann an Údaráis agus cruinnithe fíorúla agus éisteachtaí uchtála agus orduithe agus a leithéid á n-óstáil.

Dhá cheamara rianaithe atá i gceist leis an gcóras, agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí aitheanta aghaidhe chun an cainteoir gníomhach a fhrámú gan uaim, nó féachaint thart timpeall an tseomra gan aon ghá le hidirghníomhú fisiciúil leis an gcóras. Tá na ceamaraí i bhfostú ar dhá scáileán teilifíse 75" atá suite ar an mballa, agus tá micreafón agus callairí leabaithe sa tsíleáil. Níl an córas cumraithe d'aon ardán amháin, rud a fhágann gur féidir é a úsáid le gach ardán cruinnithe fíorúla.

Ó cuireadh isteach é i mí Mheán Fómhair baineadh úsáid as an gcóras chun thart ar 85 ordú uchtála agus éisteacht uchtála a óstáil go fíorúil agus d'éirigh go geal leis.

Ina theannta sin, le tacaíocht ónár soláthraí seirbhíse priontála, thug an tÚdarás na trí chóras printéirí cothrom le dáta. Áirítear ar phríomhbhuntáistí na mbogearraí nua sin

- Gur tugadh isteach fíordheimhniú ar chártaí na mball foirne, rud a fheabhsaíonn comhlíonadh RGCS toisc nach bhfuil doiciméid á bpriontáil go dtí go ndéantar cárta an bhaill foirne a fhíordheimhniú ag an meaisín.
- Gur laghdaíodh dramhaíl; ag teacht lenár n-uaillmhianta maidir le húsáid inbhuanaithe, tá laghdú mór tagtha ar dhramhaíl, toisc nach ndéantar jabanna priontála a thosú go huathoibríoch ar cinn iad nach mbaileofar nó a eisíodh trí dhearmad agus nach leantar ar aghaidh le jab priontála go dtí go n-iarrann an t-úsáideoir é sin.
- Chun cuidiú lenár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú tuilleadh, is féidir le riarthóirí rialacha sonracha a ionchur ar mhaithe le cleachtais inbhuanaithe, e.g. doiciméid a phriontáil i ndubh agus bán nó ar an dá thaobh den bhileog pháipéir, etc.

## Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair

Tá an tÚdarás tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú dá chuid fostaithe, conraitheoirí, cuairteoirí agus daoine eile, a bhíonn ag obair san oifig nó a thugann cuairt uirthi. Aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann le córas éifeachtach um shábháilteacht ceirde agus bainistíochta sláinte a bheith ann atá dírithe go príomha ar shláinte agus sábháilteacht ár bhfostaithe a chosaint, ar chúiseanna dlíthiúla, eacnamaíocha, morálta agus eiticiúla.

Faoin Acht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an Obair, 2005 leagtar béim mhór ar an ngá atá le teagasc, faisnéis agus oiliúint a sholáthar d'fhostaithe mar is gá chun féachaint chuige go mbeidh siad slán sábháilte agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí oibre. In 2022, rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna féachaint cén oiliúint a theastaíonn chun tacú leis an bhfoireann a gcuid dualgas a chomhlíonadh go sábháilte, eolasach, agus tosaíodh ag aimsiú soláthraithe oiriúnacha oiliúna i gcomhair 2023. Toisc go raibh obair chumaisc fós ar bun, fostaíodh Comhpháirtí Sláinte agus Sábháilteachta lena dhearbhú go raibh cianstáisiúin oibre sábháilte, compordach, agus chun comhairle a chur orainn faoi céard le déanamh dá dtiocfadh laigí chun solais.

## Creidiúnú
## Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe

Faoi Alt 126 135 den Acht Uchtála, 2010 agus faoi I.R. Uimh. 524 de 2010, Na Rialacháin um an Acht Uchtála, 2010 (Comhlachtaí Creidiúnaithe), 2010, foráiltear go gcoinneoidh an tÚdarás Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe. Faoi dheireadh 2022 bhí trí cinn de chomhlachtaí creidiúnaithe cláraithe (athrú ó 2021).

**Tábla 8:** *Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe 2022*

| Comhlacht Creidiúnaithe | Dáta an chreidiúnaithe |
|---|---|
| PACT<br>18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó, Ráth Fearnáin<br>Baile Átha Cliath 14 | Athchreidiúnaithe an 22 Meitheamh 2022 |
| Seirbhís Iar-Uchtála Barnardos, 23/24 Sráid Buckingham, Baile Átha Cliath 1 | Athchreidiúnaithe an 6 Meán Fómhair 2022 |
| Helping Hands Adoption Facilitation Agency, ag trádáil mar Helping Hands Adoption Mediation Agency<br>The Loft, Ionad Bessboro, Bóthar na Carraige Duibhe<br>Corcaigh | Athchreidiúnaithe an 12 Meitheamh 2020 |

## Nósanna Imeachta Creidiúnaithe

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, bíonn Údarás Uchtála na hÉireann i dteagmháil ghníomhach leis na comhlachtaí creidiúnaithe go léir i rith na bliana.

Sa bhliain féilire, ní mór do gach comhlacht creidiúnaithe tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur isteach gach sé mhí. Déanann an lucht feidhmiúcháin achoimre ar na tuarascálacha sin agus cuirtear faoi bhráid Bhord an Údaráis iad. In 2022, chuir gach comhlacht iomchuí tuarascáil isteach gach sé mhí. Cuireann an lucht feidhmiúcháin tuarascáil mhíosúil faoi bhráid Bhord an Údaráis freisin, ina sonraítear an ghníomhaíocht agus an rannpháirtíocht leis na comhlachtaí creidiúnaithe.

I gcomhréir leis an reachtaíocht, chuir na comhlachtaí creidiúnaithe iomchuí cuntais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 isteach freisin.

De réir Alt 128 den Acht, is é cúig bliana an tréimhse chláraithe thosaigh agus ní rachaidh tréimhse athnuachana thar thrí bliana. Ní dhearnadh aon iarratas nua in 2022, ach próiseáladh dhá athnuachan.

## Scor de Chreidiúnú Comhlachtaí in 2022

Rinneadh díchlárú foirmiúil ar St Brigid’s Information and Tracing Agency, Cúnamh agus Arabella t/a Here2Help agus baineadh de chlár na gcomhlachtaí creidiúnaithe iad in 2022. Tá na trí ghníomhaireacht sin dúnta anois.



# Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile agus Uchtáil Idir Tíortha

**Tábla 9:** *Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile 1953-2022*

| Bliain | Líon na nUchtálacha |
|---|---|
| 1953 | 381 |
| 1954 | 888 |
| 1955 | 786 |
| 1956 | 565 |
| 1957 | 752 |
| 1958 | 592 |
| 1959 | 501 |
| 1960 | 505 |
| 1961 | 547 |
| 1962 | 699 |
| 1963 | 840 |
| 1964 | 1003 |
| 1965 | 1049 |
| 1966 | 1178 |
| 1967 | 1493 |
| 1968 | 1343 |
| 1969 | 1225 |
| 1970 | 1414 |
| 1971 | 1305 |
| 1972 | 1291 |
| 1973 | 1402 |
| 1974 | 1415 |
| 1975 | 1443 |
| 1976 | 1104 |
| 1977 | 1127 |
| 1978 | 1223 |
| 1979 | 988 |
| 1980 | 1115 |
| 1981 | 1191 |
| 1982 | 1191 |
| 1983 | 1184 |
| 1984 | 1195 |
| 1985 | 882 |
| 1986 | 800 |
| 1987 | 715 |
| 1988 | 649 |
| 1989 | 615 |
| 1990 | 648 |
| 1991 | 590 |
| 1992 | 523 |
| 1993 | 500 |
| 1994 | 424 |
| 1995 | 490 |
| 1996 | 405 |
| 1997 | 422 |
| 1998 | 400 |
| 1999 | 317 |
| 2000 | 303 |
| 2001 | 293 |
| 2002 | 266 |
| 2003 | 263 |
| 2004 | 273 |
| 2005 | 253 |
| 2006 | 222 |
| 2007 | 187 |
| 2008 | 200 |
| 2009 | 190 |
| 2010 | 189 |
| 2011 | 39 |
| 2012 | 49 |
| 2013 | 116 |
| 2014 | 112 |
| 2015 | 94 |
| 2016 | 95 |
| 2017 | 72 |
| 2018 | 72 |
| 2019 | 79 |
| 2020 | 81 |
| 2021 | 101 |
| 2022 | 102 |
| **IOMLÁN** | **44,966** |

**Tábla 10:** *Uchtálacha Baile de réir cineáil 2018-2022*

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Leas-tuismitheoir** | 35 | 51 | 58 | 65 | 60 |
| **Cúram Altrama Fadtéarmach** | 25 | 21 | 16 | 24 | 30 |
| **Naíonán** | 7 | 6 | 5 | 2 | 10 |
| **Coigríche go Baile** | 3 | 0 | 0 | 5 | 0 |
| **Duine den Mhór-Theaghlach** | 2 | 1 | 2 | 5 | 2 |
| **Iomlán** | **72** | **79** | **81** | **101** | **102** |

**Tábla 11:** *Uchtálacha Baile de réir Aois an Linbh 2018-2022*

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **17 mbliana d'aois** | 30 | 35 | 40 | 36 | 36 |
| **12-16 bliana d'aois** | 23 | 24 | 23 | 45 | 33 |
| **7-11 bhliain d'aois** | 7 | 13 | 13 | 16 | 23 |
| **2-6 bliana d'aois** | 9 | 4 | 3 | 7 | 8 |
| **0-1 bhliain d'aois** | 3 | 3 | 2 | 1 | 2 |
| **Iomlán** | **72** | **79** | **81** | **101** | **102** |

**Tábla 12:** *Orduithe Ard-Chúirte a Deonaíodh de bhun Iarratais ar Uchtáil Bhaile 2018-2022*

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuid 18** | 1 | 0 | 3 | 2 | 1 |
| **Cuid 30** | 7 | 8 | 15 | 19 | 24 |
| **Cuid 54** | 13 | 5 | 11 | 14 | 18 |
| **Iomlán** | **21** | **13** | **29** | **35** | **43** |

**Tábla 13:** *Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, arna n-iontráil de bhun Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, 2010-2022 de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010 (Iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha)*

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Rúis | 1,631 |
| Vítneam | 933 |
| An Rómáin | 808 |
| An tSín | 432 |
| An Aetóip | 308 |
| An Chasacstáin | 151 |
| An Bhealarúis | 145 |
| An Téalainn | 138 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 120 |
| Meicsiceo | 113 |
| An Úcráin | 100 |
| An Bhulgáir | 32 |
| An India | 25 |

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Téaváin | 22 |
| An Cholóim | 19 |
| Sasana | 18 |
| An Bhrasaíl | 17 |
| Paragua | 7 |
| An Chambóid | 4 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 4 |
| An Afraic Theas | 2 |
| An tSalvadóir | 2 |
| Geirsí | 2 |
| An Chéinia | 2 |
| An Liotuáin | 2 |
| Peiriú | 2 |

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Pholainn | 3 |
| Ruanda | 2 |
| Albain | 2 |
| Srí Lanca | 2 |
| An Úisbéiceastáin | 2 |
| An Bholaiv | 1 |
| An Bhoisnia Heirseagaivéin | 1 |
| Háítí | 1 |
| Hong Cong | 1 |
| An Mhaláiv | 1 |
| An tSiombáib | 1 |
| An Mholdóiv | 1 |
| **Iomlán** | **5,057** |

**Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.*

**Tábla 14:** Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Coigríche, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010 i leith 2022 amháin (iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha)

| Tír | Líon a iontráladh sa Chlár in 2022 |
|---|---|
| Vítneam | 13 |
| An Téalainn | 3 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 0 |
| SAM | 2 |
| An India | 0 |
| Háítí | 0 |
| An tSín | 0 |
| An Bhulgáir | 0 |
| An Pholainn | 0 |
| **Iomlán** | **18** |

**Tábla 15:** *Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh in 2022, arna ndéanamh ag uchtaitheoirí ar a raibh cónaí rialta thar lear (Alt 57(2)(a) agus Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála, 2010)*

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a cuireadh ar an gClár in 2022 |
|---|---|
| An Astráil | 1 |
| An Bholaiv | 2 |
| An Bhulgáir | 0 |
| An Chambóid | 2 |
| Camarún | 4 |
| Ceanada | 4 |
| An tSín | 2 |
| Sasana | 52 |
| An Aetóip | 1 |
| Háítí | 0 |
| Hong Cong | 3 |
| An India | 3 |

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a cuireadh ar an gClár in 2022 |
|---|---|
| An Liotuáin | 0 |
| An Mhalaeisia | 1 |
| Meicsiceo | 0 |
| An Nua-Shéalainn | 2 |
| An Nigéir | 4 |
| Tuaisceart Éireann | 28 |
| An Iorua | 1 |
| Peiriú | 0 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 1 |
| An Pholainn | 0 |

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a cuireadh ar an gClár in 2022 |
|---|---|
| An Rúis | 2 |
| Albain | 8 |
| An Téaváin | 1 |
| An Tansáin | 1 |
| An Téalainn | 4 |
| SAM | 19 |
| Vítneam | 2 |
| An Bhreatain Bheag | 3 |
| An tSaimbia | 1 |
| An Mholdóiv | 0 |
| **Iomlán** | **152** |

**Tábla 16:** *Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 2014 agus 2022*, ina raibh cónaí rialta ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth an uchtaithe (Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010)*

| Tír | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 4 | 8 | 4 | 8 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Chambóid | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tSín | 0 | 15 | 7 | 10 | 4 | 3 | 1 | 0 | 0 |
| Sasana | 2 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Aetóip | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Háítí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An India | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| An Liotuáin | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Meicsiceo | 5 | 11 | 0 | 1 | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 |
| Peiriú | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Pholainn | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An Rúis | 4 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Téalainn | 6 | 1 | 4 | 2 | 8 | 0 | 4 | 2 | 3 |
| SAM | 4 | 6 | 12 | 9 | 7 | 10 | 1 | 4 | 2 |
| Vítneam | 4 | 32 | 23 | 22 | 20 | 18 | 9 | 8 | 13 |
| An Mholdóiv | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **32** | **83** | **55** | **53** | **41** | **33** | **21** | **16** | **18** |

*Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.*

**Tábla 17:** Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 1991 agus 2022 (Gach Cuid)

| Bliain | Líon a Aithníodh* |
|---|---|
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 64 |
| 1995 | 93 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 149 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 324 |
| 2001 | 284 |

| Bliain | Líon a Aithníodh* |
|---|---|
| 2002 | 439 |
| 2003 | 460 |
| 2004 | 484 |
| 2005 | 443 |
| 2006 | 409 |
| 2007 | 439 |
| 2008 | 488 |
| 2009 | 395 |
| 2010 | 290 |
| 2011 | 342 |
| 2012 | 242 |

| Bliain | Líon a Aithníodh* |
|---|---|
| 2013 | 141 |
| 2014 | 106 |
| 2015 | 160 |
| 2016 | 214 |
| 2017 | 324 |
| 2018 | 313 |
| 2019 | 386 |
| 2020 | 184 |
| 2021 | 136 |
| 2022 | 170 |
| **Iomlán** | **8562** |



# Faisnéis Eile

## Suíomh Gréasáin

www.aai.gov.ie
www.birthinfo.ie/ga

## Aturnaetha

- Mason Hayes Curran, Teach an Phoirt Theas, Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4
- Matheson, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2

## Iniúchóirí

- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Bloc an Státchiste, An Clós Íochtarach, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath
- (Iniúchóireacht Inmheánach) ASM 20 Sráid Rosemary Béal Feirste BT1 1QD



# Aguisín A

| Dátaí na gCruinnithe 2022 | Cineál Cruinnithe | Lucht Freastail de chuid Bhord an Údaráis |
|---|---|---|
| 18 Eanáir | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 25 Eanáir | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 8 Feabhra | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 15 Feabhra | Éisteacht éigeandála / Ordú | O. Traynor, an Breitheamh P. McMahon, an Dr H. Buckley |
| 28 Feabhra | Éisteacht éigeandála / Ordú | Na comhaltaí uile |
| 1 Márta | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 8 Márta | Orduithe | O. Traynor, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 29 Márta | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 12 Aibreán | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 3 Bealtaine | Éisteacht éigeandála / Ordú | O. Traynor, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim |
| 10 Bealtaine | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 24 Bealtaine | Orduithe agus Rialachas | Na comhaltaí uile |
| 14 Meitheamh | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an tOllamh S. Greene |
| 29 Meitheamh | Éisteacht éigeandála / Ordú | O. Traynor, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison |
| 5 Iúil | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an tOllamh S. Greene |
| 12 Iúil | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison |
| 14 Iúil | Éisteacht éigeandála / Ordú | O. Traynor, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison |
| 23 Lúnasa | Éisteacht éigeandála / Ordú | O. Traynor, S. O'Brien, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison |
| 6 Meán Fómhair | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, an Breitheamh P. McMahon, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 20 Meán Fómhair | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 11 Deireadh Fómhair | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, an Breitheamh P. McMahon, P. Harrison, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 8 Samhain | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 22 Samhain | Orduithe agus Rialachas | Na comhaltaí uile |
| 13 Nollaig | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 15 Nollaig | Éisteacht éigeandála / Ordú | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an tOllamh S. Greene |

ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**Údarás Uchtála na hÉireann**
**Teach Shíol Bhroin, Droichead na Dothra,**
**Baile Átha Cliath 4 D04 H6F6**

**+ 353 1 2309 300 I aai.gov.ie**